C/2026/5593

6.11.2026

MOLADH ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Deireadh Fómhair 2026

maidir leis na treoirlínte i dtaca le leanúnachas oibríochtúil agus tástáil struis le haghaidh pointí teagmhála náisiúnta laistigh den Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta

(C/2026/5593)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint do Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta ([1]), agus go háirithe Airteagal 7 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Faoi Airteagal 196(1), pointe (b), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tá an tAontas le comhar oibríochtúil tapa éifeachtach a chur chun cinn laistigh den Aontas idir na seirbhísí náisiúnta cosanta sibhialta.

(2) Tá inniúlacht tacaíochta ag an Aontas i réimse na cosanta sibhialta, mar a shonraítear i bpointe (f) d'Airteagal 6 CFAE.

(3) Tá sé d'aidhm ag an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (SACS), a bunaíodh le Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE, an comhar idir an tAontas agus na Ballstáit a neartú agus comhordú a éascú i réimse na cosanta sibhialta chun feabhas a chur ar éifeachtacht na gcóras chun tubaistí nádúrtha nó tubaistí de dhéantús an duine a chosc, agus ullmhú agus freagairt dóibh.

(4) Tharla roinnt imeachtaí an-suaiteach san Aontas le blianta beaga anuas, go háirithe iarmhairtí phaindéim COVID-19, cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, an briseadh mór TF in 2024, Stoirm Éowyn in Éirinn i mí Eanáir 2025, agus lándorchú 2025 i Leithinis na hIbéire. D'fhéadfadh teagmhais shuaiteacha feidhmiú na gcóras cosanta sibhialta a chosc nó moill a chur orthu, córais ar cheart iad a bheith oibríochtúil 24 uair an chloig in aghaidh an lae agus 7 lá na seachtaine ('24/7').

(5) Sonraítear in Airteagal 7 de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE go n-áiritheoidh an Lárionad Comhordaithe Práinnfhreagartha (LCPF) acmhainn oibríochtúil 24/7 agus go bhfreastalóidh sé ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún chun cuspóirí SACS a bhaint amach. Sonraítear a thuilleadh in Airteagal 3 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/704 ón gCoimisiún ([2]) go n-ainmneoidh gach Ballstát pointe teagmhála náisiúnta le haghaidh an LCPF a bheidh ar fáil 24/7.

(6) Leis an Moladh ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2023 maidir le spriocanna an Aontais maidir le hathléimneacht ó thubaistí ([3]), iarrtar ar LCPF agus ar údaráis cosanta sibhialta sna Ballstáit agus i Stáit rannpháirteacha SACS, laistigh dá sainorduithe féin, a gcumais pleanála leanúnachais gnó a threisiú. Sonraítear ann freisin gur cheart, le SACS, 'tacú le tástálacha struis a dhéanamh chun leanúnachas gnó na n-ionad oibríochtaí éigeandála a thástáil agus oibriú leis na Ballstáit ar an obair leantach maidir le ceachtanna foghlamtha agus le moltaí'. Ba thionscnamh suaitheanta de chuid Sprioc uimhir 5, dar teideal 'Córas láidir cosanta sibhialta a áirithiú' í an tástáil struis ar na lárionaid oibríochtaí éigeandála ar fud na hEorpa, mar a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún i dtaca le Spriocanna an Aontais Eorpaigh maidir le hAthléimneacht ó Thubaistí ([4]).

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 924, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/1313/oj.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/704 ón gCoimisiún an 10 Aibreán 2025 lena leagtar síos rialacha maidir le cur chun feidhme Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Sásra an Aontais Eorpaigh um Chosaint Shibhialta agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2014/762/AE agus (AE) 2019/1310 ón gCoimisiún (IO L, 2025/704, 15.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/704/oj).

([3]) IO C 56, 15.2.2023, lch. 1.

([4]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún - 'Spriocanna an Aontais maidir le hathléimneacht ó thubaistí: Ag gníomhú le chéile chun déileáil le héigeandálaí amach anseo', 8.2.2023, COM(2023) 61 final.

(7) Tá na hiarrachtaí sin ag teacht le creataí eile arb é is aidhm dóibh athléimneacht a neartú, lena n-áirítear Straitéis um Aontas na hUllmhachta ([5]) agus ceanglais bhonnlíne ECAT maidir le hathléimneacht náisiúnta ([6]). Go sonrach, iarrtar i nGníomhaíocht 51 de chuid na Straitéise 'treoirlínte a ghlacadh maidir le 'tástáil struis' a dhéanamh ar phráinnfhreagairt agus ionaid éigeandála ar fud an Aontais'.

(8) Sa chomhthéacs sin, is gá díriú ar leanúnachas oibríochtúil phointí teagmhála náisiúnta SACS agus a n-athléimneacht a mhéadú, ionas gur féidir leo leanúint de bheith oibríochtúil le linn teagmhais shuaiteacha, trína bpleananna agus a gcleachtais leanúnachais oibríochtúil a threisiú trí mheastóireacht agus tástáil struis chórasach.

(9) Thairis sin, maidir le hacmhainneachtaí freagartha a d'fhéadfaí a chur ar fáil le haghaidh idirghabhála arna iarraidh sin trí SACS, d'fhéadfadh sé nach mbaineann siad le húdarás an phointe teagmhála náisiúnta. Tá sé fíor-riachtanach, ar mhaithe le leanúnachas oibríochtúil SACS, cumarsáid a áirithiú leis na heintitis a bhainistíonn na hacmhainneachtaí sin le linn suaití.

(10) Is furasta gan aird a thabhairt ar shocruithe lena n-áirithítear leanúnachas go dtí go dtarlaíonn suaitheadh. Ní gá gur ó ghéarchéimeanna nó éigeandálaí móra a eascraíonn suaití den sórt sin, ach d'fhéadfadh siad leanúint as mionteagmhais nó as dálaí a ndéantar faillí iontu nó as dálaí fo-optamacha. Chun cinnteoireacht eolasach maidir le bearta coisctheacha agus maolaithe a áirithiú, leis an bpleanáil leanúnachais oibríochtúil le haghaidh an phointe teagmhála náisiúnta, ní mór na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith le suaitheadh a dhéanann difear d'fheidhmeanna fíor-riachtanacha an phointe teagmhála náisiúnta a shainaithint ([7]). Ina theannta sin, tá dúshláin uathúla shíceasóisialta agus folláine roimh bhaill foirne a oibríonn sealanna 24/7, lena n-áirítear fadhbanna sláinte a leanann as sealanna oíche, strus a bhaineann leis an obair, agus scaradh ón teaghlach. Mura dtugtar aghaidh ar na saincheisteanna sin, is féidir leo cur leis an traochadh, le foirne a bheith ag síorathrú agus le ganntanais foirne a d'fhéadfadh a bheith ann.

(11) Ba cheart socruithe leanúnachais oibríochtúil a bheith fós éifeachtach gan beann ar chineál an tsuaite nó ar an gcúis atá leis, bíodh sé mar thoradh ar ghuaiseacha nádúrtha, tionóiscí, clistí teicniúla, earráid dhaonna, briseadh bonneagair nó fóntais, neamh-infhaighteacht foirne ar mórscála, gníomhaíochtaí d'aon ghnó nó mailíseacha, lena n-áirítear cibirtheagmhais agus gníomhaíochtaí hibrideacha, nó aon chúis eile.

(12) Trí ullmhú do shuaitheadh a d'fhéadfadh a bheith ann, méadaíonn na pointí teagmhála náisiúnta a gcumas freagairt go tapa agus go héifeachtach, rud lena n-íoslaghdaítear fad agus tionchar teagmhas suaiteach. Ní hamháin go n-áirithítear leis an ullmhúchán sin gur féidir oibríochtaí a atosú laistigh de thréimhse ama inghlactha ach cuirtear teorainn freisin leis na hiarmhairtí diúltacha do pháirtithe leasmhara agus do ghníomhaithe seachtracha a bhraitheann ar ghníomhaíocht an phointe teagmhála náisiúnta agus déantar misean agus clú na heagraíochta a choimirciú.

(13) Tá saintréithe ar leith ag baint le suaitheadh a eascraíonn as cibirtheagmhais, ar saintréithe iad ar cheart aird ar leith a thabhairt orthu; murab ionann agus bagairtí eile ar an leanúnachas oibríochtúil, d'fhéadfaidís a bheith d'aon ghnó, d'fhéadfaidís scaipeadh ar fud na gcóras idirnasctha, agus d'fhéadfaidís sláine nó rúndacht sonraí agus cumarsáide a chur i mbaol, agus ní hamháin a n-infhaighteacht.

(14) Oiliúint, cleachtaí agus nuashonruithe tráthrialta, is nithe bunúsacha iad sin le haghaidh clár leanúnachais oibríochtúil éifeachtach. Dá mhinice a chleachtar plean leanúnachais oibríochtúil, is ea is fearr a bheidh an eagraíocht ullmhaithe, ós rud é go gcuidíonn cleachtaí le bearnaí a shainaithint agus le baill foirne eolas a chur ar nósanna imeachta. Pearsanra dea-oilte, a bhfuil tuiscint shoiléir acu ar a róil agus ar a bhfreagrachtaí, is éifeachtaí a fheidhmíonn siad le linn suaití. Ar an gcuma chéanna, trí pháirt a thabhairt do pháirtithe leasmhara i gcleachtaí, áirithítear go dtuigeann siad prótacail chumarsáide agus go bhfuil a fhios acu cad ar cheart coinne a bheith acu leis le linn fíortheagmhais shuaiteacha.

(15) Tá ceachtanna luachmhara le foghlaim ó chleachtaí, ó thástálacha struis agus ó fhíortheagmhais. Chun a áirithiú go leanfaidh an plean leanúnachais oibríochtúil de bheith bailí, ba cheart é a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta chun ceachtanna a foghlaimíodh ó oiliúint, cleachtaí, tástálacha struis, fíortheagmhais agus dul chun cinn teicneolaíoch a ionchorprú ann.

([5]) Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an Straitéis Eorpach um Aontas na hUllmhachta, 26.3.2025, JOIN(2025) 130 final.

([6]) Gealltanas chun athléimneacht a fheabhsú, ar gealltanas é a d'eisigh na Cinn Stáit agus an Rialtas a bhí rannpháirteach i gcruinniú Chomhairle an Atlantaigh Thuaidh i Várs á, 8-9 Iúil 2016.

([7]) I measc na samplaí tá nuashonruithe bogearraí, athruithe ar fhearann na ríomhphost corparáideach nach gcuirtear in iúl, nuashonruithe ar shonraí teagmhála nach gcuirtear in iúl, ganntanais leanúnacha foirne, nó scor comhuaineach cuid mhór den fhoireann fhíor-riachtanach, nach féidir tús a chur lena n-ionadú go dtí an dáta scoir.

(16) I gcás ina bhfuil an pointe teagmhála náisiúnta ina chuid d'eintiteas a thagann faoi raon feidhme na bhforálacha is infheidhme de Threoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]), ba cheart na ceachtanna a foghlaimíodh ón tástáil struis a chur san áireamh agus bearta bainistithe riosca cibearshlándála á gcur chun feidhme, go háirithe maidir le leanúnachas gnó, bainistiú cúltaca, athshlánú ó thubaiste, agus bainistiú géarchéime.

(17) Tá níos mó i gceist le leanúnachas oibríochtúil an údaráis inniúil náisiúnta um chosaint shibhialta a áirithiú ná feidhmiú a phointe teagmhála náisiúnta. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an Moladh seo a bheith ina thagairt luachmhar freisin chun leanúnachas oibríochtúil a fhorbairt laistigh d'eagraíochtaí náisiúnta agus de chórais cosanta sibhialta, i gcomhréir le haithris 7 de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE.

(18) Ba cheart an Moladh seo a bheith cuimsitheach, lena léirítear éagsúlacht struchtúir agus fheidhmeanna na bpointí teagmhála náisiúnta ó Bhallstát go chéile agus ar fud Stáit rannpháirteacha SACS. Ba cheart é a chur i bhfeidhm go solúbtha agus a oiriúnú do shainordú, do chomhthéacs, d'imthosca agus do chreat oibríochtúil gach pointe teagmhála náisiúnta, ós rud é go bhfuil saintréithe ar leith ag gach pointe teagmhála náisiúnta, go n-oibríonn siad laistigh de chreat dlíthiúil difriúil, agus go bhfuil dúshláin éagsúla rompu, a bhféadfadh cuir chuige shaincheaptha a bheith ag teastáil ina leith chun leanúnachas oibríochtúil a áirithiú.

(19) Tá an Moladh seo bunaithe ar thoradh na gcomhairliúchán le Grúpa Saineolaithe de chuid an Choimisiúin maidir le Leanúnachas Oibríochtúil 24/7 le linn Teagmhais Shuaiteacha, a bhunaigh an Coimisiún in 2025, agus ba cheart é a bheith comhlántach leis na caighdeáin agus na treoirlínte seanbhunaithe atá ann cheana a bhaineann le leanúnachas gnó ([9]).

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

1. SEOLAITHE

Is chuig údaráis inniúla náisiúnta na mBallstát agus Stáit rannpháirteacha SACS a dhírítear an Moladh seo.

D'fhéadfadh sé go measfadh na Ballstáit go bhfuil sé ábhartha d'ionaid náisiúnta éigeandála eile agus d'eintitis a bhainistíonn acmhainneachtaí SACS.

2. SAINMHÍNITHE

Chun críocha an Mholta seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn **'údarás inniúil náisiúnta'** údarás arna cheapadh ag Ballstát nó ag Stát atá rannpháirteach in SACS ([10]) faoi chuimsiú SACS, dá dtagraítear in Airteagal 29 de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE;

(b) ciallaíonn **'pointe teagmhála náisiúnta'** pointe teagmhála le haghaidh an LCPF i mBallstát nó i Stát atá rannpháirteach in SACS atá ar fáil 24 uair an chloig in aghaidh an lae agus 7 lá na seachtaine, arna ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 9(7) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE agus Airteagal 3(1) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/704;

(c) ciallaíonn **'feidhmeanna fíor-riachtanacha'** gníomhaíochtaí, oibríochtaí nó seirbhísí an phointe teagmhála náisiúnta, ar gníomhaíochtaí bunúsacha iad chun a shainordú agus a mhisean a chomhlíonadh agus nach féidir cur isteach orthu nó nach mór tús a chur leo arís laistigh de thréimhse ghearr réamhshainithe. Chun críocha na dtreoirlínte seo, is de réir a phráinní is gá feidhm a athbhunú tar éis suaitheadh a chinnfear an aicmeofar feidhm mar fheidhm fhíor-riachtanach, agus ní de réir a tábhachta straitéisí, oibríochtúla ná institiúidí amháin. Dá réir sin, ní mheasfar gur feidhmeanna fíor-riachtanacha iad na feidhmeanna lena ngabhann tábhacht straitéiseach, oibríochtúil nó institiúideach atá in ann suaitheadh nó moill bhreise a sheasamh gan tionchar do-ghlactha;

([8]) Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (an Dara Treoir NIS) (IO L 333, 27.12.2022, lch. 80, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2555/oj).

([9]) Caighdeáin idirnáisiúnta: ISO 22301:2019 (Córais Bainistíochta Leanúnachais Gnó); Treoraíocht 1 ó FEMA maidir le Leanúnachas Cónaidhme (2017), Treoir 2 maidir le Leanúnachas Cónaidhme (2017), Ciorclán Treorach maidir le Leanúnachas (2018, nuashonrú 2024), Treoir Úsáideora maidir le hAnailís ar Phróiseas Gnó agus Anailís Tionchair Gnó (2019); agus na Treoirlínte Dea-Chleachtais (2018) ón Institiúid um Leanúnachas Gnó.

([10]) Maidir leis na Stáit rannpháirteacha, féach Airteagal 28 de Chinneadh 1313/2013/AE.

(d) ciallaíonn **‘an fhoireann fhíor-riachtanach’** an pearsanra atá ag obair sa phointe teagmhála náisiúnta a dhéanann feidhmeanna fíor-riachtanacha nó a thacaíonn leis na feidhmeanna sin, pearsanra atá mar chuid den fhoireann atá freagrach as teagmhas suaiteach a bhainistiú nó freagairt dó, nó pearsanra a dhéanann an dá ról;

(e) ciallaíonn **‘baill foirne fhíor-riachtanacha atá gann’** baill foirne fhíor-riachtanacha a bhfuil líon chomh beag sin acu ann go mbíonn leochaileacht ann i dtaca le leanúnachas oibríochtúil nuair a bhíonn cuid acu as láthair nó nuair nach mbíonn cuid acu ar fáil le haghaidh na hoibre, mar go bhfuil na deimhnithe, an t-imréiteach slándála, an t-údarás, an fhreagracht chinnteoireachta, na cearta rochtana, an t-eolas, an saineolas nó na scileanna teanga is gá acu chun gníomhaíochtaí sonracha a dhéanamh is gá chun leanúnachas feidhme fíor-riachtanaí a áirithiú;

(f) ciallaíonn **‘scrogall foirne’** cás ina mbraitheann leanúnachas feidhme fíor-riachtanaí ar bhall foirne amháin nó níos mó a bheith ar fáil ón bhfoireann fhíor-riachtanach atá gann;

(g) ciallaíonn **‘leanúnachas oibríochtúil’** an cumas atá ag pointe teagmhála náisiúnta a fheidhmeanna fíor-riachtanacha a choinneáil ar bun – lena gcuimsítear gníomhaíochtaí, oibríochtaí nó seirbhísí – nuair nach mbíonn fáil a thuilleadh ar na hacmhainní is gá do na feidhmeanna sin, amhail an fhoireann fhíor-riachtanach, faisnéis, seirbhísí, táirgí, soláthairtí, forálacha buiséadacha, trealamh, córais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) nó ceanglais suímh, nó nuair a dhéantar damáiste dóibh, nuair nach féidir iad a úsáid nó nuair a chuirtear isteach orthu;

(h) ciallaíonn **‘plean leanúnachais oibríochtúil’** nó **‘plean’** doiciméad aonair nó bailiúchán de nósanna imeachta um leanúnachas oibríochtúil an phointe teagmhála náisiúnta;

(i) ciallaíonn **‘teagmhas suaiteach’** teagmhas nó imthoisc lena gcuirtear cosc ar fheidhm fhíor-riachtanach de chuid an phointe teagmhála náisiúnta a chur i gcrích nó lena gcuirtear moill shubstaintiúil ar chur i gcrích na feidhme sin.

(j) tagraíonn **‘athshlánú’** d’athbhunú chumais oibríochtúla, shaoráidí, chórais agus acmhainní an Phointe Teagmhála Náisiúnta tar éis suaitheadh.

3. MOLTAÍ MAIDIR LE LEANÚNACHAS OIBRÍOCHTÚIL NA bPOINTÍ TEAGMHÁLA NÁISIÚNTA

3.1. Príomh-mholtaí

1. Ba cheart don phointe teagmhála náisiúnta plean leanúnachais oibríochtúil comhleanúnach cuimsitheach nó tacar doiciméadaithe nósanna imeachta a fhorbairt lena gcumhdófar gach gné den leanúnachas oibríochtúil. Roinn 3. Tá moltaí breise in 2 maidir leis an bplean leanúnachais oibríochtúil.

2. Is é is cuspóir don phleanáil leanúnachais oibríochtúil a áirithiú gur féidir leis an bpointe teagmhála náisiúnta a fheidhmeanna fíor-riachtanacha a chomhlíonadh faoi dhálaí díghrádaithe nuair a tharlaíonn teagmhais shuaiteacha. Dá réir sin, ba cheart glacadh leis sa phleanáil leanúnachais oibríochtúil go dtarlóidh teagmhais shuaiteacha agus go bhféadfadh sé nach n-athbhunófaí gnáthdhálaí oibríochtúla láithreach nó, i gcásanna áirithe, nach n-athbhunófaí iad ar chor ar bith. Ba cheart don phointe teagmhála náisiúnta a bheith in ann feidhmeanna fíor-riachtanacha a choinneáil ar bun faoi dhálaí díghrádaithe trí úsáid a bhaint as nósanna imeachta malartacha, saoráidí malartacha, bealaí cumarsáide malartacha agus acmhainní laghdaithe go dtí go n-athbhunófar an cumas iomlán.

3. Le linn teagmhais shuaiteacha, ba cheart tosaíocht a thabhairt d’acmhainní i dtreo feidhmeanna fíor-riachtanacha an Phointe Teagmhála Náisiúnta a choimeád ag imeacht. D’fhéadfadh sé go dtabharfaí le tuiscint leis sin go bhféadfadh sé nach gcoinneofaí ar bun feidhmeanna nach feidhmeanna fíor-riachtanacha iad.

4. Le socruithe leanúnachais oibríochtúil, ba cheart a áirithiú go ndéanfar an fhaisnéis oibríochtúil is gá a bhailiú, a anailísiú, a bhailíochtú agus a scaipeadh gan bhriseadh chun feasacht an phointe teagmhála náisiúnta ar dhálaí a choinneáil ar bun agus chun tacú leis an gcinnteoireacht le linn an tsuaite.

5. Is iad an pearsanra oilte an phríomhacmhainn chun leanúnachas oibríochtúil a áirithiú. Cé go dtacaíonn an plean leanúnachais oibríochtúil, na socruithe gaolmhara agus na bearta cúltaca leis an leanúnachas, braitheann sé ar deireadh ar an bhfoireann a bheith in ann cinntí a dhéanamh agus na bearta sin a chur i bhfeidhm faoi bhrú.

6. Ba cheart an phleanáil leanúnachais oibríochtúil a bhunú ar thuiscint chríochnúil ar shocruithe riaracháin agus oibríochtúla na heagraíochta lena mbaineann an pointe teagmhála náisiúnta. Chun an méid sin a bhaint amach, ba cheart comhar idir ranna a chur chun cinn agus a éascú go gníomhach.

7. Ba cheart don phointe teagmhála náisiúnta measúnú a dhéanamh ar fhoinsí a d'fhéadfadh a ghníomhaíochtaí a shuaitheadh. Ba cheart an measúnú a dhíriú ar a n-acmhainneacht shuaiteach maidir le gníomhaíochtaí an Phointe Teagmhála Náisiúnta agus ar phlean freagartha a fhorbairt chun leanúnachas feidhmeanna fíor-riachtanacha a áirithiú.

8. Le linn measúnú a bheith á dhéanamh ar bhagairtí ar leanúnachas oibríochtúil, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar phróisis agus ar scrogaill atá íogair ó thaobh ama de, lena n-áirítear:

   (a) foinsí aonair faisnéise nó faisnéis nach bhfuil ar eolas ach ag grúpa teoranta daoine, lena n-áirítear faisnéis rúnaicmithe;

   (b) trealamh uathúil nó soláthraithe seirbhíse uathúla ar a mbraitheann feidhmeanna fíor-riachtanacha;

   (c) bealaí cumarsáide aonair, teagmhálaithe nó cinnteoirí;

   (d) infhaighteacht na foirne fíor-riachtanaí atá gann.

9. Ba cheart scrogaill i dtaca le foireann, saoráidí, cumarsáid, córais TFC, lóistíocht agus cinnteoireacht a shainaithint agus a bhaint. I gcás nach féidir iad a sheachaint, ba cheart bearta iomchuí coisctheacha agus maolaithe a bhunú agus a thástáil, lena n-áirítear na bearta sin a mholtar i Roinn 3.9.

10. Le gach suaitheadh, cleachtadh agus tástáil struis, ba cheart ceachtanna a shainaithint agus feabhsuithe ar shocruithe leanúnachais oibríochtúil leanúint astu, rud a neartóidh an athléimneacht le himeacht ama.

11. Chun críche leanúnachais oibríochtúil agus tástála struis do phointí teagmhála náisiúnta laistigh de SACS, ba cheart na catagóirí neamh-uileghabhálacha seo a leanas de theagmhais shuaiteacha a mheas. Tugtar tuairisc in Iarscríbhinn I ar gach catagóir.

   (a) neamh-infhaighteacht áitribh;

   (b) briseadh sa soláthar leictreachais;

   (c) briseadh nó cliseadh córas TFC;

   (d) neamhláithreacht foirne ar mórscála nó easpa foireann fhíor-riachtanach atá gann.

12. Ba cheart don phointe teagmhála náisiúnta a áirithiú go mbeidh sé in ann leanúint de bheith ag feidhmiú i gcás ceann amháin nó níos mó de na truicir leanúnachais a liostaítear i mír 11 thuas.

3.2. **Plean leanúnachais oibríochtúil an Phointe Teagmhála Náisiúnta**

13. Ba cheart do gach pointe teagmhála náisiúnta plean leanúnachais oibríochtúil comhleanúnach, cuimsitheach agus i scríbhinn, nó sraith choibhéiseach nósanna imeachta doiciméadaithe, a fhorbairt, lena gcumhdófar gach gné den leanúnachas oibríochtúil agus lena ndéanfar an fhreagairt ar shuaitheadh a chomhtháthú agus a chórasú, lena n-áirítear bearta maolaithe agus comhaontuithe le haghaidh idirghabháil láithreach.

14. Leis an bplean leanúnachais oibríochtúil, ba cheart socruithe malartacha a chur ar fáil do na próisis fhíor-riachtanacha uile, go háirithe próisis atá íogair ó thaobh ama de, lena n-áiritheofar gur féidir leo leanúint ar aghaidh má theipeann ar acmhainní príomhúla. Ba cheart socruithe cúltaca agus malartacha a bheith go hiomlán neamhspleách. Níor cheart dóibh a bheith ag brath ar na hacmhainní céanna, amhail an foirgneamh céanna, an fhoinse chumhachta chéanna, an bealach cumarsáide céanna, an t-ardán TFC céanna nó an soláthraí seirbhíse céanna. Níor cheart dóibh spleáchais nua a chruthú ach oiread a d'fhéadfadh rioscaí suaite breise a chruthú.

15. Ba cheart an plean leanúnachais oibríochtúil a fheidhmiú go tráthrialta faoi dhálaí réalaíocha. Pleananna nár bailíochtaíodh trí oiliúint, cleachtaí ná tástálacha struis, níor cheart a mheas go bhfuil siad oibríochtúil. Ba cheart oiliúint éigeantach thráthrialta le haghaidh na foirne fíor-riachtanaí a bheith sa chlár leanúnachais oibríochtúil; tástáil agus cleachtaí tráthrialta lena mbaineann gníomhachtú an phlean, agus athbhreithniú agus nuashonrú córasach air, lena n-áiritheofar go mbeidh an fhoireann agus na páirtithe leasmhara uile lena mbaineann ar an eolas faoi na nuashonruithe agus go gcuirfear oiliúint orthu ina leith.

16. Ar bhonn struchtúr na heagraíochta, ba cheart don Phointe Teagmhála Náisiúnta rannpháirt a thabhairt do phearsanra maidir le forbairt an phlean leanúnachais oibríochtúil, ar pearsanra iad nach bhfuil baint dhíreach acu le feidhmeanna fíor-riachtanacha ach a bhfuil an saineolas nó an t-eolas is gá acu chun tacú leis an tuiscint fhoriomlán ar fheidhmeanna na heagraíochta.

17. Ba cheart do phointí teagmhála náisiúnta smaoineamh ar fheidhm comhordaithe leanúnachais a ainmniú laistigh dá n-eagraíocht, ar feidhm í a bheidh tiomnaithe don phlean leanúnachais oibríochtúil. Ar bhonn mhéid agus struchtúr an Phointe Teagmhála Náisiúnta, is comhordaitheoir aonair nó foireann thiomnaithe ina dtugtar le chéile ionadaithe ó na réimsí oibríochtúla ábhartha ba cheart an fheidhm comhordaithe leanúnachais a fheidhmiú, nó ba cheart an fheidhm sin a fheidhmiú trí shocruithe eile atá oiriúnaithe don chomhthéacs náisiúnta. I gcás ina mbunaítear grúpa, ba cheart comhaltaí a bheith ann a bhfuil saineolas acu sna réimsí oibríochtúla atá ábhartha do chur chun feidhme an phlean, amhail córais TFC, áitribh mhalartacha, acmhainní daonna nó lóistíocht. Ba cheart é a bheith mar ról ag an bhfeidhm comhordaithe leanúnachais a áirithiú go ndéanfar an plean leanúnachais oibríochtúil a chur chun feidhme go comhsheasmhach, a athbhreithniú go tréimhsiúil agus a thabhairt cothrom le dáta, lena n-áirítear fíorú na n-acmhainní agus na socruithe ar a bhfuil an plean ag brath.

3.3. **Feidhmeanna fíor-riachtanacha a shainaithint**

18. Ba cheart don phointe teagmhála náisiúnta a fheidhmeanna fíor-riachtanacha a shainaithint agus fardal díobh a bhunú agus a choinneáil ar bun. Sa bhreis ar fheidhmeanna a bhaineann le SACS, amhail iarrataí ar chúnamh a bhainistiú agus acmhainneachtaí freagartha SACS a thairiscint agus a chur in úsáid, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an bpointe teagmhála náisiúnta leanúnachas feidhmeanna fíor-riachtanacha eile a áirithiú don eagraíocht. I measc na samplaí tá comhordú le húdaráis náisiúnta nó réigiúnacha, idirchaidreamh a dhéanamh le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile, rabhaidh phoiblí a eisiúint, agus tacú le cinnteoireacht ardleibhéil.

I gcás gach feidhme fíor-riachtanaí, ba cheart don phointe teagmhála náisiúnta cuspóirí feidhmíochta oibríochtúla a bhunú lena sainítear an díghrádú uasta inghlactha seirbhísí le linn teagmhais shuaiteacha. Ba cheart a chuimsiú leis na cuspóirí sin, i gcás inarb iomchuí, an t-uas-aga suaite infhulaingthe, cuspóirí aga athshlánaithe, caillteanas inghlactha faisnéise oibríochtúla, íosleibhéil foirne, infhaighteacht cumarsáide agus cumas cinnteoireachta. Ba cheart na cuspóirí sin a bheith mar threoir le linn don phlean leanúnachais oibríochtúil a bheith á cheapadh agus ba cheart iad a bheith mar bhonn chun meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht tástálacha struis. Tá samplaí de chuspóirí feidhmíochta oibríochtúla in Iarscríbhinn II.

19. Tá sé inmholta feidhmeanna fíor-riachtanacha a rangú de réir a dtosaíochta nó de réir na práinne nach mór tús a chur leo arís.

3.4. **Anailís ar Phróiseas Gnólachta agus acmhainní cúltaca**

20. Ar bhonn fhardal na bhfeidhmeanna fíor-riachtanacha, ba cheart don phointe teagmhála náisiúnta Anailís ar Phróiseas Gnólachta a dhéanamh agus réitigh chúltaca a fhorbairt chun leanúnachas a fheidhmeanna fíor-riachtanacha a áirithiú. Ba cheart a chuimsiú san Anailís ar Phróiseas Gnólachta tuiscint chuimsitheach ar an gcaoi a n-oibríonn na feidhmeanna, tríd an méid seo a leanas a chinneadh, le haghaidh gach feidhme:

(a) na cúraimí lena gcomhdhéantar an fheidhm;

(b) uainiú agus seicheamh na gcúraimí, lena n-áirítear fad, agus céimeanna atá íogair ó thaobh ama de;

(c) cé a dhéanann an cúram, lena n-áirítear an phróifíl, an saineolas nó an oiliúint is gá;

(d) an sreabhadh faisnéise, lena n-áirítear an chaoi a mbogann sonraí, iarrataí agus aschuir idir gníomhaithe agus córais;

(e) cé a bhailíochtaíonn nó a údaraíonn an próiseas/na próisis;

(f) cad iad na hacmhainní a úsáidtear agus cad iad na hionchuir ó ghníomhaithe seachtracha is gá, lena n-áirítear faisnéis, tacair sonraí, seirbhísí, táirgí, soláthairtí, forálacha buiséadacha, trealamh, córais TFC agus ceanglais suímh, amhail cuideachtaí príobháideacha a sholáthraíonn fuinneamh nó a sholáthraíonn seirbhísí slándála. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar leibhéal rúnaicmithe na faisnéise, chomh maith leis na seomraí agus na gairis a úsáidtear chun í a bhainistiú;

(g) cad iad na haschuir a eascraíonn as an bhfeidhm, lena n-áirítear faisnéis, táirgí nó seirbhísí sonracha, nó gníomhaíochtaí comhordaithe, bailíochtaithe nó údaraithe;

(h) cén eagraíocht sheachtrach nó cé na heagraíochtaí seachtracha nó na grúpaí páirtithe leasmhara seachtracha a fhaigheann an t-aschur nó na haschuir;

(i) cad iad na spleáchais agus na hidirthuilleamaíochtaí atá ann atá fíor-riachtanach le haghaidh oibríochtaí, lena n-áirítear caidrimh agus comhaontuithe le gníomhaithe seachtracha – údaráis na mBallstát eile agus Stáit rannpháirteacha SACS, comhpháirtithe cosanta sibhialta, oibreoirí bonneagair fhíor-riachtanaigh, soláthraithe seirbhíse, soláthróirí, etc. – lena sonraítear an t-ionchur nó an t-aschur a bhfuil coinne leis;

(j) cad iad na hacmhainní cúltaca agus na socruithe malartacha atá ar fáil.

21. Le linn do na pointí teagmhála náisiúnta a nAnailís ar Phróiseas Gnólachta a dhéanamh, iarrtar orthu an tábla in Iarscríbhinn III a chur san áireamh.

3.5. **Cleachtais mholta le haghaidh saoráidí agus trealamh malartach**

22. Ba cheart don phointe teagmhála náisiúnta a áirithiú go bhfuil sé d'acmhainn aige leanúint de bheith ag feidhmiú nuair nach bhfuil rochtain ar a áitreabh nó nuair atá sé neamh-inúsáidte go sealadach, lena n-áirítear infhaighteacht príomhthrealaimh a áirithiú.

23. Ba cheart saoráidí príomhúla agus malartacha agus réitigh shealadacha a bheith slán agus ba cheart leibhéal aicmithe iomchuí a bheith acu. Ba cheart é sin a bheith comhréireach le cineál na ngéarchéimeanna a dtugtar aghaidh orthu agus le híogaireacht nó aicmiú na faisnéise atá á láimhseáil.

3.6. **Cleachtais mholta maidir le soláthar leictreachais**

24. Ba cheart don phointe teagmhála náisiúnta a áirithiú go bhfuil sé d'acmhainn aige leanúint de bheith ag feidhmiú i gcás éaradh seirbhíse áitiúil nó lándorchú forleathan.

25. Ba cheart socruithe maidir le soláthar leictreachais a bheith ag saoráidí príomhúla agus malartacha, lena n-áirítear saoráidí sealadacha, ar socruithe iad atá athléimneach agus a bhfuil córais chúltaca acu, ionas gur féidir leis an bpointe teagmhála náisiúnta leanúint de bheith ag oibriú agus dá fheidhmeanna fíor-riachtanacha a sholáthar le linn gearradh cumhachta fada.

26. Ba cheart na bearta a leagtar amach do phointí teagmhála náisiúnta a chur chun feidhme, i gcás inarb ábhartha, ar bhealach atá comhsheasmhach le pleananna náisiúnta riosca-ullmhachta leictreachais arna mbunú faoi Rialachán (AE) 2019/941 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]) agus le pleananna náisiúnta um ghníomhaíocht choisctheach agus pleananna éigeandála náisiúnta arna mbunú faoin Rialachán maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([12]), chomh maith le socruithe náisiúnta bainistithe géarchéime atá ann cheana.

3.7. **Cleachtais mholta le haghaidh córais TFC**

27. Ba cheart don phointe teagmhála náisiúnta a áirithiú go bhfuil na córais TFC a thacaíonn lena fheidhmeanna fíor-riachtanacha iontaofa agus athléimneach. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an méid seo a leanas:

(a) leanúnachas na rochtana ar bhunachair sonraí, ar dhoiciméid agus ar ríomhphoist, lena n-áirítear infhaighteacht liostaí teagmhálaithe nuashonraithe, leanúnachas na cumarsáide leis an LCPF agus leis na Ballstáit agus leis na Stáit atá rannpháirteach in SACS, agus leanúnachas na gcóras próiseála agus bainistíochta chun faisnéis a bhailiú agus chun faireachán a dhéanamh uirthi agus chun na gníomhaíochtaí a rinneadh a thaifeadadh;

(b) comhtháthú na teicneolaíochta, trí chomhoiriúnacht agus idir-inoibritheacht na gcóras fíor-riachtanach le socruithe cianda agus suíomhanna malartacha a áirithiú, lena n-áirítear cumas na suíomhanna sin nascadh leis an gComhchóras Cumarsáide agus Faisnéise Éigeandála (CECIS) agus faisnéis rúnaicmithe a láimhseáil le linn dóibh a bheith ag oibriú go cianda; ba cheart socruithe den sórt sin a fhíorú trí thástáil iomchuí;

(c) slándáil faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear an fhéidearthacht naisc rúnaicmithe a bhunú agus cumarsáid rúnaicmithe a mhalartú ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon.

(d) taifid ar sholáthróirí tríú páirtí uile na ngaireas agus na mbogearraí a úsáidtear sa Phointe Teagmhála Náisiúnta.

([11]) Rialachán (AE) 2019/941 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le riosca-ullmhacht in earnáil an leictreachais agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/89/CE (IO L 158, 14.6.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/941/oj).

([12]) Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2017 maidir le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 994/2010 (IO L 280, 28.10.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1938/oj).

28. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chibirtheagmhais ina gcáil mar chatagóir ar leith de bhriseadh TFC. Ba cheart don phointe teagmhála náisiúnta smaoineamh ar phrótacail chomhordúcháin a bhunú leis an údarás náisiúnta cibearshlándála, mar chuid dá shocruithe leanúnachais oibríochtúil is leithne. Ba cheart a chuimsiú sna bearta sin bealaí luathrabhaidh, prótacail chomhpháirteacha freagartha ar theagmhais, agus soiléiriú ar róil le linn cibirtheagmhas a dhéanann difear don phointe teagmhála náisiúnta.

3.8. **Cleachtais mholta le haghaidh acmhainní daonna**

29. Ba cheart don phointe teagmhála náisiúnta a áirithiú go bhfuil pearsanra leordhóthanach aige chun leanúint de bheith oibríochtúil i gcásanna ina bhfuil laghdú ar infhaighteacht na foirne agus go bhfuil na próifílí agus na scileanna is gá ag a phearsanra.

30. Ba cheart don phointe teagmhála náisiúnta smaoineamh ar an méid seo a leanas:

(a) a áirithiú go mbeidh na baill foirne a bhfuil na scileanna agus an cúlra iomchuí acu ar fáil, lena n-áirítear taithí ar bhainistiú géarchéime agus, i gcás inarb infheidhme, an t-imréiteach slándála is gá chun faisnéis rúnaicmithe a láimhseáil. Ba cheart dó sásraí a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun inniúlachtaí gairmiúla a fhíorú agus cláir chuimsitheacha ionduchtaithe agus oiliúna leanúnacha a sholáthar chun scileanna na foirne a choinneáil ar bun agus a neartú, rud a áiritheoidh go mbeidh an fhoireann lánullamh chun freagairt go héifeachtach do ghníomhachtuithe SACS. Ba cheart a chumhdach leis an oiliúint freisin cosc suaití a tharla de dheasca earráid dhaonna nó gníomhaíocht mhailíseach, lena n-áirítear cibearshlándáil fhíor-riachtanach agus feasacht ar shlándáil faisnéise, amhail an riosca a bhaineann leis an innealtóireacht shóisialta.

(b) oiliúint thráthrialta a chur ar fáil chun an fhoireann a choimeád ar an eolas maidir le socruithe leanúnachais oibríochtúil agus maidir le húsáid trealaimh agus córas TFC i bpríomhshuíomhanna agus i suíomhanna malartacha. Ba cheart dó féachaint ar oiliúint bhreise d'fhoireann na bpointí teagmhála náisiúnta maidir le tubaistí agus géarchéimeanna fadtéarmacha a bhainistiú agus maidir le hoibríochtaí SACS.

(c) pleananna a fhorbairt chun uainíocht foirne a áirithiú le linn éigeandálaí fadtéarmacha, lena n-áirítear acmhainneacht bhorrtha a bhainistiú. Ba cheart dó meithleacha a bhunú a mbeadh róil shoiléire agus pleananna comharbais acu chun feabhas a chur ar an gcomhordú le linn géarchéimeanna.

(d) socruithe iompair a bhunú chun a áirithiú go mbeidh an fhoireann fhíor-riachtanach in ann an suíomh a shroicheadh ina gceanglaítear orthu a ndualgais a chomhlíonadh, i gcás inarb ábhartha, bíodh sin ag an bpríomhláithreán, ag láithreán malartach nó ag aonad soghluaiste.

(e) coimircí iomchuí a chur i bhfeidhm chun cosaint sláinte agus sábháilteachta pearsanra a áirithiú.

(f) pleananna leasa foirne a fhorbairt lena gcumhdaítear bia, uisce, lóistín, rochtain ar shaoráidí an phointe teagmhála náisiúnta agus tacaíocht shíceolaíoch chun cuidiú leis an bhfoireann strus agus tuirse a láimhseáil. Ba cheart foráil a dhéanamh sna pleananna sin maidir le hoibríochtaí fadaithe i dtimpeallachtaí cúnga agus imthosca aonair nó pearsanta na foirne fíor-riachtanaí a chur san áireamh, lena n-áirítear riachtanais a bhaineann leis an teaghlach i gcás inarb ábhartha.

(g) beartais cosanta sonraí agus beartais phríobháideachais a bhunú chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an phleanáil leanúnachais cosaint sonraí pearsanta le linn teagmhas agus ina ndiaidh.

31. Ba cheart socruithe iomchuí maidir le leanúnachas oibríochtúil, trasoiliúint struchtúrtha chórasach, agus cleachtaí tráthrialta a bheith mar thaca ag na feidhmeanna fíor-riachtanacha, ionas go bhféadfadh roinnt pearsanra oilte iad a chomhlíonadh, rud a sheachnódh scrogaill foirne. Níor cheart aon fheidhm fhíor-riachtanach aonair a bheith ag brath go heisiach ar bhall foirne amháin a bheith ar fáil.

3.9. **Bearta coisctheacha agus maolaithe le haghaidh gach catagóire teagmhais shuaitigh**

32. Tugtar liosta táscach sa roinn seo a leanas de na bearta coisctheacha agus maolaithe a mholtar le haghaidh gach catagóire teagmhais shuaitigh. Cé gur féidir iad sin a chur chun feidhme go comhuaineach, ba cheart do gach Ballstát na roghanna is iomchuí agus is éifeachtaí a roghnú bunaithe ar shainordú, comhthéacs, imthosca agus acmhainneacht a phointe teagmhála náisiúnta, ar struchtúr a chreata oibríochtúil agus dhlíthiúil, agus ar na cúiseanna féideartha le suaitheadh a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fheidhmeanna fíor-riachtanacha a phointe teagmhála náisiúnta. Níl sé i gceist an liosta a chur i bhfeidhm ina iomláine go comhuaineach, ós rud é, i gcásanna áirithe, go bhféadfadh cur chun feidhme birt amháin a bheith i gcoinbhleacht le cur i bhfeidhm birt eile nó go bhféadfadh infheistíocht iomarcach a bheith ag teastáil ina leith.

33. Bearta coisctheacha agus maolaithe a mholtar chun aghaidh a thabhairt ar neamh-infhaighteacht áitribh:

(a) dáileadh geografach an Phointe Teagmhála Náisiúnta ina dhá ionad nó níos mó atá ar leithligh go geografach agus a oibríonn go comhuaineach, arb ionaid iad a sholáthraíonn tacaíocht chúltaca fhrithpháirteach dá chéile mar aon le tacaíocht nuair a bhíonn siad thar a n-acmhainn;

(b) athlonnú chuig áitreabh malartach atá á bhainistiú ag údarás an phointe teagmhála náisiúnta;

(c) iompar réamhshocraithe le haghaidh na foirne fíor-riachtanaí chuig áitribh mhalartacha (lena n-áirítear iompar i ndrochaimsir);

(d) cianobair (lena mbaineann solúbthacht tascanna a d'fhéadfaí a dhéanamh lasmuigh de shuíomh fisiceach an phointe teagmhála náisiúnta);

(e) aonaid cheannais agus rialaithe shoghluaiste ina bhféadfaí an fhoireann fhíor-riachtanach a óstáil go sealadach ón bPointe Teagmhála Náisiúnta;

(f) socruithe riaracháin le húdaráis eile a ghníomhachtú chun a n-áitreabh a úsáid;

(g) dílárú.

34. Bearta coisctheacha agus maolaithe a mholtar chun aghaidh a thabhairt ar shuaitheadh an tsoláthair leictreachais:

(a) gineadóirí agus Soláthairtí Cumhachta Dobhriste a ghníomhachtú;

(b) socruithe maidir le soláthar breosla tosaíochta agus comhaontuithe le soláthraithe;

(c) neamhspleáchas fuinnimh agus foinsí malartacha fuinnimh le haghaidh feidhmeanna fíor-riachtanacha;

(d) an toilleadh cumhachta atá ar fáil a uasmhéadú;

(e) athlonnú chuig áitreabh malartach arna bhainistiú ag údarás an phointe teagmhála náisiúnta ag a bhfuil soláthar leictreachais ráthaithe;

(f) cianobair ó fhoirgneamh a bhfuil soláthar leictreachais ráthaithe ann;

(g) aonaid cheannais agus rialaithe shoghluaiste atá neamhthuilleamaíoch i dtéarmaí leictreachais;

(h) socruithe riaracháin le húdaráis eile a ghníomhachtú chun a n-áitreabh a úsáid, arb áitreabh é a bhfuil soláthar leictreachais ráthaithe ann;

(i) dílárú.

35. Bearta coisctheacha agus maolaithe a mholtar chun aghaidh a thabhairt ar bhriseadh nó ar chliseadh córas TFC:

(a) Iomarcaíocht;

(b) cúltacaí sonraí tráthrialta agus slána, lena n-áirítear cóipeanna lasmuigh den láthair agus cóipeanna as líne;

(c) córais TFC, ardáin agus bealaí cumarsáide malartacha;

(d) foirne tacaíochta TFC éigeandála nó aonaid freagartha teicniúla ar glao-dhualgas;

(e) nósanna imeachta um fhreagairt ar chibeartheagmhais arna gcomhordú leis an údarás náisiúnta cibearshlándála;

(f) cóipeanna as líne de liostaí teagmhála fíor-riachtanacha, de phríomhnósanna imeachta agus de dhoiciméid oibríochtúla;

(g) aonaid cheannais agus rialaithe taistil a bhfuil rochtain acu ar chórais TFC phríomhúla agus chúltaca;

(h) athlonnú chuig áitreabh malartach arna bhainistiú ag údarás an phointe teagmhála náisiúnta ag a bhfuil rochtain ar chórais TFC phríomhúla agus chúltaca;

(i) socruithe riaracháin le húdaráis eile a ghníomhachtú chun úsáid a bhaint as a n-áitreabh ina bhfuil rochtain ar chórais TFC.

36. Bearta coisctheacha agus maolaithe a mholtar chun aghaidh a thabhairt ar neamhláithreacht foirne ar mórscála agus ar an easpa foirne fíor-riachtanaí atá gann:

(a) bainistiú ragoibre (réiteach gearrthéarmach);

(b) cúraimí a athshannadh do na baill foirne atá ar fáil;

(c) díorma réamh-shainaitheanta de phearsanra oilte laistigh den institiúid, a bheadh ar fáil ar ghearrfhógra ;

(d) tosaíocht a thabhairt d'earcú foirne;

(e) infheistíocht a dhéanamh i gcoinneáil na foirne fíor-riachtanaí;

(f) tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh na foirne fíor-riachtanaí;

(g) scrogaill foirne a chosc trí údarás a tharmligean agus trí cheannaireacht chomhroinnte a chur chun cinn.

37. Tugtar treoraíocht theicniúil in Iarscríbhinn IV maidir le cur chun feidhme gach ceann de na bearta a liostaítear.

3.10. **Leanúnachas oibríochtaí i gcás ghníomhachtuithe SACS**

38. Chun oibríochtaí SACS a fheabhsú agus leanúnachas a áirithiú, moltar na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) I gcás ina bhfuil rochtain ag an tír ar na Seirbhísí Tras-Eorpacha le haghaidh Teileamaitic idir Córais Riaracháin (TESTA) nó TESTA-EIRIS (comharba TESTA), Comhordaitheoir náisiúnta TESTA na tíre a shainaithint. A áirithiú go bhfuil sonraí teagmhála Chomhordaitheoir náisiúnta TESTA na tíre ag Pointe Teagmhála CECIS na tíre agus go gcoimeádtar na sonraí sin cothrom le dáta. A áirithiú go dtuigeann Pointe Teagmhála CECIS na tíre an plean leanúnachais oibríochtúil maidir lena rochtain áitiúil/náisiúnta ar thairseach TESTA intíre.

(b) Prótacail a fhorbairt chun idirdhealú a dhéanamh idir clistí i nascacht TESTA agus clistí in ardán CECIS agus cúnamh á iarraidh trí SACS, agus chun iarrataí ar chúnamh a chumasú i gcás suaitheadh TESTA i dtír an Phointe Teagmhála Náisiúnta.

(c) I gcás inarb iomchuí, féachaint ar shocruithe le haghaidh tacaíocht oibríochtúil fhrithpháirteach le húdaráis náisiúnta eile chun a áirithiú gur féidir leis an bpointe teagmhála náisiúnta leanúint dá fheidhmeanna fíor-riachtanacha a chomhlíonadh má dhéanann suaitheadh díghrádú mór ar acmhainneacht leanúnachais oibríochtúil an phointe teagmhála náisiúnta. Go sonrach, ba cheart rannpháirt sna socruithe sin a bheith ag údaráis a bhfuil rochtain acu ar TESTA, ionas gur féidir leis an bpointe teagmhála náisiúnta rochtain a fháil ar CECIS ó áitribh mhalartacha.

(d) I gcás inarb iomchuí, féachaint an bhféadfaí socruithe riaracháin déthaobhacha a bhunú le haghaidh tacaíocht oibríochtúil fhrithpháirteach le tíortha comharsanachta ar Ballstáit nó Stáit atá rannpháirteach in SACS iad, i gcásanna ina ndéanann suaitheadh díghrádú mór ar acmhainneacht leanúnachais oibríochtúil an phointe teagmhála náisiúnta agus nach féidir na socruithe dá dtagraítear i bpointe (b) a dhéanamh. Leis na socruithe sin, ba cheart go mbeadh an pointe teagmhála náisiúnta in ann áitreabh na dtíortha sin a úsáid agus líonra TESTA a rochtain.

(e) Oiliúint ar CECIS a chur ar fáil do bhaill foirne nua agus cleachtaí tráthrialta a sceidealú do phearsanra.

(f) Ar bhonn an struchtúir náisiúnta cosanta sibhialta, ba cheart socruithe a bheith sa phlean leanúnachais chun cumarsáid rianúil a áirithiú idir an pointe teagmhála náisiúnta agus údaráis ábhartha eile a údaraítear, más gá, le gníomhachtú SACS a iarraidh.

(g) Ba cheart a chur san áireamh sa phlean leanúnachais oibríochtúil na páirtithe leasmhara náisiúnta sin a bhfuil acmhainní SACS faoina n-úinéireacht agus faoina mbainistíocht, arb acmhainní iad nach le húdarás an Phointe Teagmhála Náisiúnta iad ach a d'fhéadfaí a chur ar fáil le haghaidh idirghabhála arna iarraidh sin trí SACS.

39. Ba cheart an plean leanúnachais oibríochtúil a ailíniú leis an Moladh ón gCoimisiún an 29 Samhain 2024 ar Threoirlínte an Aontais maidir le Tacaíocht Óstnáisiúin ([13]), go sonrach maidir le gníomhachtuithe SACS ag an bPointe Teagmhála Náisiúnta agus a ról i dTacaíocht Óstnáisiúin ([14]).

([13]) C(2024) 8339.

([14]) Sainmhínítear gurb éard atá i dtacaíocht óstnáisiúin in Airteagal 4, pointe (9), de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE aon ghníomhaíocht a dhéanann an tír, a fhaigheann cúnamh nó a sheolann cúnamh, le linn na gcéimeanna ullmhachta agus freagartha, nó aon ghníomhaíocht a dhéanann an Coimisiún, chun deireadh a chur le bacainní intuartha ar chúnamh idirnáisiúnta a thairgtear tríd an Sásra Aontais. Cuimsítear leis sin tacaíocht ó na Ballstáit chun idirthuras an chúnaimh sin trína gcríoch a éascú.

3.11. **Gníomhachtú an phlean leanúnachais oibríochtúil**

40. De réir chineál agus scála an tsuaite, ba cheart leibhéil éagsúla ghníomhachtúcháin a shainiú i bplean leanúnachais oibríochtúil an phointe teagmhála náisiúnta, lena n-áirítear gníomhachtú páirteach, i gcás ina leanann an pointe teagmhála náisiúnta de bheith ag oibriú óna phríomháitreabh faoi nósanna imeachta oiriúnaithe, agus gníomhachtú iomlán, lena n-éilítear athlonnú chuig áitribh mhalartacha nó lena n-éilítear socruithe malartacha eile.

41. Maidir leis na critéir, na leibhéil ghníomhachtúcháin agus na truicir, chomh maith leis an údarás a chumhachtaítear chun gníomhachtú a údarú, is nithe iad sin ba cheart a shainiú ar an leibhéal náisiúnta, i gcomhréir le struchtúr agus creat oibríochtúil gach pointe teagmhála náisiúnta. Soláthraítear sampla léiritheach de shreabhadh gníomhachtúcháin in Iarscríbhinn V.

42. Le nósanna imeachta um ghníomhachtúchán, ba cheart a bheith in ann socruithe leanúnachais a ghníomhachtú go tráthúil mar fhreagairt ar shuaitheadh iarbhír agus ar shuaitheadh réamh-mheasta araon, lena n-áirítear teagmhais a tharlaíonn lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre agus teagmhais a bhfuil réamhrabhadh ar fáil ina leith.

43. I gcás ina gcuireann teagmhas isteach ar leanúnachas oibríochtúil an phointe teagmhála náisiúnta, rud a chuireann a phlean leanúnachais oibríochtúil á ghníomhachtú, ba cheart don phointe teagmhála náisiúnta smaoineamh ar fhógra a thabhairt do LCPF.

3.12. **Oiliúint, cleachtaí agus tástáil rialta**

44. Ba cheart oiliúint a dhéanamh mar chuid de phleananna leanúnachais oibríochtúil, agus ba cheart iad a fheidhmiú agus a thástáil go tráthrialta. Moltar seisiúin feasachta agus faisnéise thráthrialta a sceidealú chomh maith le seisiúin oiliúna agus cleachtaí a bhaineann le pleananna leanúnachais. Ba cheart na gnéithe is gá den phlean leanúnachais oibríochtúil a ionchorprú freisin in oiliúint thráthrialta eile, amhail oiliúint ionduchtaithe le haghaidh pearsanra nua. Maidir le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha a bhféadfadh suaitheadh i ngníomhaíochtaí an Phointe Teagmhála Náisiúnta difear a dhéanamh dóibh, is rannpháirtíocht í ba cheart a mheas freisin i seisiúin feasachta agus faisnéise spriocdhírithe thráthrialta, agus i gcleachtaí.

45. Ba cheart an plean leanúnachais oibríochtúil a thástáil go bliantúil, ar a laghad. Ba cheart smaoineamh ar thástáil níos minice i gcás ina bhfuil údar cuí leis mar gheall ar struchtúr, comhthéacs oibríochtúil nó próifíl riosca an phointe teagmhála náisiúnta.

3.13. **Athshlánú**

46. Nuair a mhaolófar éifeachtaí diúltacha an teagmhais shuaitigh, ba cheart don phointe teagmhála náisiúnta an filleadh de réir a chéile ar ghnáthoibríochtaí a láimhseáil mar chéim ar leith den leanúnachas oibríochtúil: is é an t-athshlánú an chéim ina n-aistríonn an pointe teagmhála náisiúnta ó na socruithe leanúnachais oibríochtúil ar ais go gnáthoibríochtaí, lena n-áirítear atosú feidhmeanna tábhachtacha (ach neamhriachtanach) a d'fhéadfadh a bheith curtha ar fionraí go sealadach.

47. Sa phlean leanúnachais oibríochtúil ba cheart na dálaí a shainiú chun athshlánú a thionscnamh, agus ba cheart an t-údarás a chumhachtaítear chun an t-aistriú a údarú a shainaithint, agus na bearta is gá a shonrú chun filleadh go sábháilte ar ghnáthoibríochtaí.

48. Ba cheart na pointí seo a leanas a mheas le linn chéim an athshlánaithe:

(a) *Fíorú na ndálaí maidir le hathshlánú*. Roimh an aistriú, ba cheart don phointe teagmhála náisiúnta a mheas ar réitíodh an teagmhas suaiteach foluiteach nó ar maolaíodh go leormhaith é; an bhfuil an príomháitreabh, na córais TFC agus na bealaí cumarsáide ag feidhmiú go hiomlán arís; agus ar fíoraíodh sláine na mbunachar sonraí agus na ndoiciméad. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar shonraí a athchruthaíodh le linn an tsuaite, ionas nach gcaillfear faisnéis a gineadh le linn do shocruithe leanúnachais oibríochtúil a bheith i bhfeidhm.

(b) *Aistriú céimnithe na bhfeidhmeanna fíor-riachtanacha*. Níor cheart feidhmeanna fíor-riachtanacha a aistriú ar ais láithreach. Ba cheart don phointe teagmhála náisiúnta smaoineamh ar iad a aistriú in ord tosaíochta atá droim ar ais, agus é tosú leis na feidhmeanna sin is mó atá in ann briseadh gairid le linn an aistrithe a fhulaingt, agus feidhmeanna ardtosaíochta á gcoinneáil ar bun san am céanna faoi na socruithe leanúnachais go dtí go ndeimhneofar go bhfuil an ghnáth-thimpeallacht cobhsaí. Ba cheart oibríocht chomhthreomhar a úsáid le linn an aistrithe chun an riosca a laghdú go mbeadh cliseadh cascáideach ann.

(c) *Feidhmeanna tábhachtacha a atosú*. Feidhmeanna neamhriachtanacha a cuireadh ar fionraí go sealadach le linn an tsuaite níor cheart tús a chur leo arís go dtí go ndeimhneofar go bhfuil na feidhmeanna fíor-riachtanacha cobhsaí faoi ghnáthshocruithe. Ba cheart ord agus luas an atosaithe a chur in oiriúint d'infhaighteacht na foirne, agus é á aithint gur minic a chuireann socruithe leanúnachais oibríochtúil leis an ualach oibre agus le tuirse na foirne.

(d) *Seiceáil an bhfuil leochaileachtaí breise ann*. Ba cheart don phointe teagmhála náisiúnta a sheiceáil nár thug socruithe leanúnachais oibríochtúil leochaileachtaí breise isteach sula bhfillfear ar ghnáthoibríochtaí.

49. Ba cheart do phointí teagmhála náisiúnta na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh freisin:

(a) *Faisnéisiú iar-imeachta*. Chun cuidiú lena shainaithint céard a d'oibrigh agus céard nár oibrigh, ba cheart don phointe teagmhála náisiúnta faisnéisiú a sceidealú ina mbeidh na catagóirí foirne uile a ghlac páirt sa fhreagairt rannpháirteach.

(b) *Doiciméadacht iarghníomhaíochta*. Ba cheart don phointe teagmhála náisiúnta doiciméad struchtúrtha iarghníomhaíochta a chur ar fáil ina ndéanfar achoimre ar sheicheamh na dteagmhas, ar ghníomhachtú na socruithe leanúnachais oibríochtúil, ar fheidhmíocht na bhfeidhmeanna fíor-riachtanacha, ar na bearnaí a breathnaíodh, agus ar na ceachtanna a sainaithníodh.

(c) *Ceachtanna a sainaithníodh a chomhtháthú sa phlean leanúnachais oibríochtúil*. Tar éis gach teagmhais shuaitigh a chuireann an phlean leanúnachais oibríochtúil á ghníomhachtú, ba cheart don phointe teagmhála náisiúnta tráthchlár sainithe a leagan síos chun an plean a thabhairt cothrom le dáta, ionas go n-ionchorprófar ceachtanna sainaitheanta sula n-imeoidh siad ón gcuimhne oibríochtúil. Dá bhrí sin, ba cheart don phointe teagmhála náisiúnta próiseas a bhunú chun easnaimh shainaitheanta agus gníomhaíochtaí ceartaitheacha a rianú, agus chun na bearta nuashonraithe a atástáil de réir mar is iomchuí. I gcás inarb ábhartha, ba cheart feabhas a chur ar ghnáthghníomhaíochtaí an phointe teagmhála náisiúnta i bhfianaise na gceachtanna a sainaithníodh.

3.14. **Straitéis chumarsáide**

50. Tá cumarsáid i gceist le teagmhais shuaiteacha a bhainistiú go héifeachtúil, agus ba cheart do gach pointe teagmhála náisiúnta straitéis láidir chumarsáide a fhorbairt lena n-aithnítear freagrachtaí an phointe teagmhála náisiúnta maidir le cumarsáid ghinearálta agus cumarsáid ghéarchéime. Ba cheart an straitéis sin a bheith ina treoir ag cinntí agus gníomhaíochtaí an phointe teagmhála náisiúnta maidir le comhroinnt faisnéise le linn suaití, rud a áiritheoidh go bhfaighidh na páirtithe uile lena mbaineann nó na páirtithe uile dá ndéantar difear an fhaisnéis is gá agus, i gcás inarb infheidhme, go mbeidh siad in ann gníomhú dá réir sin, agus ar an gcaoi sin cuidiú le clú na heagraíochta a chosaint agus muinín a choinneáil ar bun. Tá pointí molta in Iarscríbhinn VI a bheidh le breithniú ag an bpointe teagmhála náisiúnta agus straitéis láidir chumarsáide á forbairt aige.

4. **MOLTAÍ MAIDIR LE TÁSTÁIL STRUIS A EAGRÚ AGUS A DHÉANAMH**

51. Molann an Coimisiún tástáil struis a dhéanamh ar phointí teagmhála náisiúnta in SACS. Tugtar treoraíocht sa roinn seo maidir leis an gcaoi le tástáil struis a dhearadh agus a mheas.

4.1. **Aidhm agus cuspóirí**

52. Ba cheart é a bheith mar chuspóir ag an tástáil struis measúnú a dhéanamh ar chumas an phointe teagmhála náisiúnta leanúint dá fheidhmeanna fíor-riachtanacha a chomhlíonadh faoi dhálaí suaiteacha. Chuige sin, ba cheart an tástáil struis a bheith i bhfoirm cleachtaidh ar scála teoranta arna cheapadh chun meastóireacht a dhéanamh ar na socruithe atá ann cheana maidir le leanúnachas oibríochtúil agus feidhmiú fheidhmeanna fíor-riachtanacha spriocdhírithe an Phointe Teagmhála Náisiúnta faoi dhálaí suaiteacha, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí acmhainní príomhúla agus malartacha araon a thástáil.

53. Ba cheart na cuspóirí ginearálta seo a leanas a shaothrú leis an tástáil struis:

(a) an plean leanúnachais oibríochtúil a athbhreithniú, a thabhairt cothrom le dáta agus a bhailíochtú, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar shaineolas, trealamh agus socruithe an phointe teagmhála náisiúnta ó thaobh an leanúnachais oibríochtúil de;

(b) a áirithiú go mbeidh tuiscint níos fearr ann ar thosaíochtaí agus ar shrianta agus braistintí i ndáil le leanúnachas oibríochtúil an phointe teagmhála náisiúnta a athrú;

(c) laigí, bearnaí, scrogaill agus spleáchais a shainaithint chomh maith le deiseanna chun feabhas a chur ar an bplean leanúnachais oibríochtúil, agus ar acmhainní lena gcothaítear feidhmeanna fíor-riachtanacha, oiliúint ghaolmhar, trealamh agus socruithe an phointe teagmhála náisiúnta;

(d) measúnú a dhéanamh ar chumas fhoireann fhíor-riachtanach an Phointe Teagmhála Náisiúnta ar leibhéil éagsúla, lena n-áirítear an bhainistíocht, a róil agus a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh;

(e) measúnú a dhéanamh ar an gcomhordú agus ar an gcumarsáid laistigh den eagraíocht agus le comhpháirtithe seachtracha faoi dhálaí suaiteacha;

54. Agus an tástáil struis á pleanáil, moltar cuspóirí sonracha a cheapadh le haghaidh na tástála struis, ar cuspóirí iad atá intomhaiste agus ailínithe leis na feidhmeanna fíor-riachtanacha atá le tástáil.

55. Níor cheart é a bheith d'aidhm ag an tástáil struis bagairtí a shainaithint a d'fhéadfadh teagmhais a spreagadh, ar teagmhais iad a d'fhéadfadh cur isteach ar ghnáthfheidhmiú an Phointe Teagmhála Náisiúnta.

4.2. **Raon feidhme**

56. Ba cheart an méid seo a leanas a shainaithint i raon feidhme na tástála struis:

(a) cuspóirí sonracha na tástála struis;

(b) na feidhmeanna fíor-riachtanacha a bhfuil meastóireacht le déanamh orthu;

(c) cineál agus fad an tsuaite a dhéanann difear do leanúnachas oibríochtaí;

(d) na hacmhainní lena mbaineann, lena n-áirítear baill foirne agus a róil, áitreabh, trealamh agus córais TFC;

(e) leibhéal rannpháirtíochta na bpáirtithe leasmhara seachtracha.

4.3. **Cás**

57. Le cur chuige cásbhunaithe, ba cheart iarmhairtí na dteagmhas (truicir), a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le cur isteach ar oibríochtaí, a chumhdach agus, dá bhrí sin, plean leanúnachais oibríochtúil an phointe teagmhála náisiúnta a ghníomhachtú. Moltar cásanna éagsúla a thástáil agus castacht na gcásanna sin a athrú, agus ar an gcaoi sin an eagraíocht a ullmhú do raon torthaí féideartha. Ba cheart a áirithiú go mbeidh na cásanna dúshlánach ach go mbeidh siad réadúil freisin, chun léargas fóinteach a thabhairt ar éifeachtacht an phlean leanúnachais oibríochtúil. Tugtar dhá chás shamplacha in Iarscríbhinn VII.

58. Moltar do phointí teagmhála náisiúnta úsáid a bhaint as an liosta neamh-uileghabhálach seo a leanas de thruicir chun plean leanúnachais oibríochtúil an phointe teagmhála náisiúnta a ghníomhachtú: neamh-infhaighteacht áitribh (1), briseadh sa soláthar leictreachais (2), cur isteach ar chórais TFC nó cliseadh na gcóras sin (3) agus neamhláithreacht foirne ar mórscála agus easpa foireann fhíor-riachtanach atá gann (4).

(a) *Truicear 1: Neamh-infhaighteacht áitribh*. Rinneadh damáiste fisiceach don fhoirgneamh ina bhfuil an pointe teagmhála náisiúnta, ní féidir é a shroicheadh nó aslonnaíodh é. Fágann na himthosca sin nach féidir é a úsáid ar feadh tréimhse éiginnte.

(b) *Truicear 2: Suaitheadh an tsoláthair leictreachais*. Fágann cliseadh sa ghréasán leictreachais nach bhfuil leictreachas san fhoirgneamh ina n-oibríonn an pointe teagmhála náisiúnta. Leanann an briseadh cumhachta sin ar aghaidh tar éis fhad oibríochtúil ghineadóir cúltaca an phointe teagmhála náisiúnta sular gá é a athbhreoslú. Murab eol fad beacht thoilleadh breosla an ghineadóra, ba cheart an briseadh a láimhseáil mar bhriseadh éiginnte.

(c) *Truicear 3: Suaitheadh nó cliseadh na gcóras TFC*. Mar thoradh ar chliseadh sa chóras TFC, níl bogearraí nó feidhmchláir an phointe teagmhála náisiúnta in ann oibriú go héifeachtach. Cuireann an cliseadh sin cosc freisin ar an rochtain ar bhunachair sonraí fhíor-riachtanacha, rud a fhágann go bhfuil na córais TFC as feidhm ar feadh tréimhse neamhchinntithe.

(d) *Truicear 4: Neamhláithreacht foirne ar mórscála nó easpa foireann fhíor-riachtanach atá gann*. Go tobann, ní bhíonn sciar nach beag den fhoireann in ann a gcuid dualgas a chomhlíonadh. D'fhéadfadh easpa baill foirne fhíor-riachtanacha atá gann a bheith i gceist leis an nganntanas sin agus d'fhéadfadh moilleanna nó suaitheadh oibríochtaí a bheith mar thoradh air. Meastar go mairfidh fad na neamh-infhaighteachta sin fada go leor chun dul thar acmhainneacht an phearsanra atá fágtha an ró-obair a fhulaingt.

59. Le tástálacha struis, ba cheart roinnt teagmhais shuaiteacha a chomhcheangal de réir a chéile chun measúnú a dhéanamh ar chumas an phointe teagmhála náisiúnta feidhmeanna fíor-riachtanacha a choinneáil ar bun le linn suaití cascáidithe nó suaití cumaisc a dhéanann difear d'acmhainní iomadúla an tráth céanna.

4.4. **Na rannpháirtithe**

60. Moltar rannpháirtithe a shainaithint i gcomhréir leis na cuspóirí sainithe, na feidhmeanna fíor-riachtanacha agus cás na tástála struis.

4.5. **Meastóireacht, ceachtanna a shainaithint agus feabhsuithe a chur chun feidhme**

61. Agus an tástáil struis á pleanáil, moltar córas meastóireachta a bhunú. Cuidíonn sé sin le bearnaí agus réimsí a shainaithint a bhféadfaí feabhas a chur orthu sa phlean leanúnachais oibríochtúil agus measúnú á dhéanamh san am céanna ar rath foriomlán an chleachtaidh. Cuireann sé bonn ar fáil freisin don phleanáil agus don oiliúint sa todhchaí maidir le leanúnachas oibríochtúil an Phointe Teagmhála Náisiúnta.

62. Moltar formáid na meastóireachta a chórasú, tar éis fíortheagmhas agus cleachtaí nó gníomhaíochtaí oiliúna araon, lena n-áirítear tástálacha struis. Chun críoch na tástála struis, moltar do phointí teagmhála náisiúnta úsáid a bhaint as an ngreille mheastóireachta a sholáthraítear in Iarscríbhinn VIII. Moltar sa ghreille mheastóireachta sin meastóireacht a dhéanamh ar an leanúnachas oibríochtúil ar bhonn dhá ghné chomhlántacha:

(a) *Comhlíonadh an phlean leanúnachais oibríochtúil*, agus

(b) *Feidhmeanna fíor-riachtanacha a choinneáil ar bun agus cuspóirí feidhmíochta réamhshainithe a chomhlíonadh*.

63. Ina theannta sin, tá sé beartaithe leis an tábla atá in Iarscríbhinn IX tacú le pointí teagmhála náisiúnta an mheastóireacht a thiomsú, ceachtanna agus feabhsuithe atá beartaithe a shainaithint. Tá teimpléad ceistneora in Iarscríbhinn X atá ceaptha chun aiseolas a bhailiú ó na rannpháirtithe.

64. Iarrtar ar na Ballstáit agus ar na Stáit atá rannpháirteach in SACS ceachtanna neamhíogaire a foghlaimíodh agus feabhsuithe atá beartaithe a roinnt le LCPF tar éis dóibh tástáil struis a dhéanamh ar a bpointe teagmhála náisiúnta.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Hadja LAHBIB
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN I

Catagóirí na dteagmhas suaiteach

Is féidir ceithre chatagóir éagsúla de theagmhais shuaiteacha a shainaithint chun críche leanúnachais oibríochtúil agus tástála struis le haghaidh pointí teagmhála náisiúnta laistigh de SACS:

— *Neamh-infhaighteacht áitribh:* Ní féidir áitreabh an phointe teagmhála náisiúnta a úsáid a thuilleadh mar gheall ar theagmhas fisiceach nó oibríochtúil lena gcuirtear cosc nó teorainn mhór ar an bhfoirgneamh a rochtain nó a úsáid, go sealadach nó go buan. I measc na samplaí tá príomhbhealaí rochtana blocáilte, damáiste fisiceach d'fhoirgnimh in aice láimhe, agus teipeanna nó fadhbanna a dhéanann difear d'fhóntais agus do shuiteálacha, amhail córais uisce, téimh, aerála nó slándála ([1]). D'fhéadfadh teagmhais den sórt sin cur isteach ar ghnáthghníomhaíocht an phointe teagmhála náisiúnta freisin má fhágann siad nach mór na háitribh a aslonnú, má choisctear rochtain ar na háitribh sin, nó má fhágtar go bhfuil siad neamh-inúsáidte.

— *Briseadh sa soláthar leictreachais*: Gearradh cumhachta a dhéanann difear d'áitreabh an phointe teagmhála náisiúnta. D'fhéadfadh teagmhas soláthair breosla do ghineadóirí cúltaca leanúint as cliseadh fadtéarmach an tsoláthair cumhachta. D'fhéadfadh tionchar a bheith aige freisin ar chórais atá spleách ar leictreachas, lena n-áirítear córais TFC.

— *Briseadh nó cliseadh córas TFC:* níl bogearraí nó feidhmchláir an phointe teagmhála náisiúnta in ann oibriú go héifeachtach. D'fhéadfadh cineálacha éagsúla cliste den sórt sin a bheith ann, amhail caillteanas rochtana mar gheall ar shaincheisteanna fíordheimhnithe, díghrádú tromchúiseach feidhmíochta, éilliú nó neamh-infhaighteacht sonraí, cliseadh comhéadan le córais sheachtracha, nó cur isteach tar éis nuashonruithe nó teagmhas cibearshlándála, lena n-áirítear cásanna amhail pearsanú neamhdhlisteanach ar phríomhchóras an phointe teagmhála náisiúnta, as a n-eascraíonn scaipeadh faisnéise cúbláilte ag an bpointe teagmhála náisiúnta.

— *Neamhláithreacht foirne ar mórscála nó easpa foireann fhíor-riachtanach atá gann*: ní féidir le líon nach beag den fhoireann fhíor-riachtanach an t-áitreabh a bhaint amach nó ní féidir leo oibriú ar chúis eile. Is measa an staid nuair a bhíonn feidhmeanna fíor-riachtanacha ag brath ar dhuine aonair amháin nó ar ghrúpa beag d'fhoireann fhíor-riachtanach atá gann, a mbíonn suaitheadh mar thoradh ar a neamhláithreacht nó a n-infhaighteacht neamhphleanáilte.

Leis na ceithre chatagóir sin soláthraítear creat chun tuiscint a fháil ar na bearta is gá chun suaitheadh a mhaolú. Mar sin féin, is féidir teagmhais shuaiteacha teacht chun cinn freisin le teagmhais eile, amhail insreabhadh tobann faisnéise a sháraíonn cumas an phointe teagmhála náisiúnta í a bhainistiú, nó scaipeadh faisnéise bréagaí lena n-éilítear acmhainní an phointe teagmhála náisiúnta chun faisnéis chruinn a fhíorú agus a scaipeadh.

Thairis sin, is féidir teagmhais shuaiteacha a bheith idirnasctha, agus d'fhéadfadh teagmhas aonair difear a dhéanamh do roinnt réimsí an tráth céanna. Mar shampla, d'fhéadfadh dóiteán a fhágáil nach bhfuil rochtain ar an áitreabh agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis san am céanna le gearradh cumhachta agus le damáiste a chur á dhéanamh do chórais agus do shonraí TFC. D'fhéadfaidís a bheith mar thoradh freisin ar ghníomhaíochtaí intinneacha nó mailíseacha, lena n-áirítear cibirtheagmhais agus gníomhaíochtaí hibrideacha, agus mar thoradh chomh maith ar roinnt teagmhais chomhthráthacha, rud a threisíonn a dtionchar foriomlán. Mar thoradh air sin, ní mór do phointí teagmhála náisiúnta plean freagartha cuimsitheach a fhorbairt lena dtabharfar aghaidh ar gach catagóir ina n-aonar, lena mbreithneofar a n-éifeachtaí comhcheangailte, agus lena n-ullmhófar don fhéidearthacht go mbeidh suaitheadh comhuaineach ann chun leanúnachas a n-oibríochtaí a áirithiú.

([1]) Meastar gur catagóirí éagsúla iad briseadh an tsoláthair leictreachais agus briseadh nó cliseadh na gcóras TFC.

IARSCRÍBHINN II

Samplaí de chuspóirí feidhmíochta oibríochtúla

Cumas	Cuspóir oibríochtúil táscach (le measúnú agus le hoiriúnú do cheanglais náisiúnta)
Feasacht ar an staid tosaigh	laistigh de 15 nóiméad
Socruithe leanúnachais a ghníomhachtú	laistigh de 30 nóiméad
Bunaíodh cumarsáid mhalartach	laistigh de 30 nóiméad
Suíomh ceannais malartach ag feidhmiú	laistigh de 2 uair an chloig
Cumas tacaíochta le haghaidh cinneadh	gan bhriseadh aon uair is féidir
Neamhspleáchas breosla	72 uair an chloig ar a laghad
Neamhspleáchas bia agus uisce	72 uair an chloig ar a laghad
CECIS ag feidhmiú	laistigh de 60 nóiméad
An chéad tuarascáil ar an staid oibríochtúil chuig LCPF	laistigh den chéad timthriall tuairiscithe oibríochtúil

IARSCRÍBHINN III

Tábla chun tacú leis an Anailís ar Phróiseas Gnólachta

Feidhm fhíor-riachtanach 1	*Ainm na feidhme seo.*
Tuairisc	*Tabhair tuairisc ar an bhfeidhm seo, lena n-áirítear na cúraimí atá i gceist léi.*
Ionchuir	*Liostaigh na hionchuir (faisnéis, tacair sonraí, seirbhísí, táirgí, soláthairtí, forálacha buiséadacha, trealamh, córais TFC agus ceanglais suímh) is gá chun an fheidhm seo a chomhlíonadh agus na heintitis sheachtracha a sholáthraíonn iad, nuair is infheidhme.*
Aschur	*Liostaigh an fhaisnéis, na táirgí, na seirbhísí nó na gníomhaíochtaí a eascraíonn as an bhfeidhm seo agus sainaithin na heagraíochtaí, na heintitis nó na grúpaí seachtracha lena mbaineann a fhaigheann iad.*
Ceannaireacht (bailíochtú nó údarú)	*Liostaigh na poist a bhfuil ról bailíochtaithe nó údaraithe acu is gá chun an fheidhm seo a chomhlíonadh, más infheidhme.*
Foireann fhíor-riachtanach	*Liostaigh poist na foirne fíor-riachtanaí, agus a bpróifíl, a saineolas agus a n-oiliúint, más infheidhme, amhail imréiteach slándála.*
Saoráid	*Liostaigh an suíomh fisiceach nó na suíomhanna fisiceacha nó an t-áitreabh óna ndéantar an fheidhm fhíor-riachtanach.*
Trealamh agus córais	*Liostaigh an trealamh, na córais agus na soláthairtí is gá chun an fheidhm seo a chomhlíonadh. D'fhéadfaí a chuimsiú leo sin áitreabh slán, ríomhairí le haghaidh cumarsáid chriptithe, físbhallaí, seomraí cruinnithe ardleibhéil, trealamh fischomhdhála, agus ríomhairí a bhfuil rochtain acu ar na Seirbhísí Tras-Eorpacha le haghaidh Teileamaitic idir Córais Riaracháin (TESTA), etc.*
Taifid fhíor-riachtanacha	*Liostaigh na sonraí agus an fhaisnéis is gá chun an fheidhm a bhaint amach.*
Spleáchais agus idirthuilleamaíochtaí	*Liostaigh na caidrimh nó na socruithe i measc na míreanna a shainaithnítear thuas agus sonraigh, i gcás inarb ábhartha, cineál an chaidrimh nó an tsocraithe, na seirbhísí fíor-riachtanacha is gá (e.g. soláthar cumhachta, TFC, etc.), an tionchar i gcás suaitheadh seirbhíse nó briseadh soláthair, agus na comhaontuithe leis na heintitis a sholáthraíonn na seirbhísí nó na soláthairtí sin. Ba cheart tuairisc a thabhairt sa mheasúnú freisin ar idirthuilleamaíochtaí, lena n-áirítear éifeachtaí cascáideacha i gcás ina ndéanann suaitheadh seirbhíse amháin (leictreachas nó TFC, mar shampla) difear do sheirbhísí eile agus, ar an gcaoi sin, méadaítear an tionchar oibríochtúil.*
Cúltacaí	*Liostaigh na hacmhainní nó na socruithe malartacha a ghníomhachtófaí chun a áirithiú go leanfaí de bheith ag feidhmiú dá ndéanfadh an teagmhas suaiteach difear do na príomhacmhainní nó do na príomhshocruithe.*

IARSCRÍBHINN IV

Treoraíocht maidir le bearta maolaithe agus coisctheacha a chur i bhfeidhm

Tugtar treoraíocht sa roinn seo maidir le bearta maolaithe agus coisctheacha a chur i bhfeidhm, arna socrú de réir chatagóir an teagmhais shuaitigh. Chun athrá a sheachaint, ní dhéantar bearta is infheidhme maidir le roinnt catagóirí éagsúla teagmhais shuaitigh a mhionsonrú ach an t-aon uair amháin sa chéad chatagóir is infheidhme.

— Neamh-infhaighteacht áitribh:

— *Dáileadh geografach an Phointe Teagmhála Náisiúnta ina dhá ionad nó níos mó atá ar leithligh go geografach agus a oibríonn go comhuaineach, arb ionaid iad a sholáthraíonn tacaíocht chúltaca fhrithpháirteach dá chéile mar aon le tacaíocht nuair a bhíonn siad thar a n-acmhainn*. Ba cheart do gach suíomh oibriú de lá agus d'oíche agus a bheith feistithe go hiomlán chun an t-ualach oibre iomlán a bhainistiú má éiríonn an láithreán nó na láithreáin eile neamhoibríochtúil go sealadach. Ina theannta sin, ba cheart láithreáin a roghnú ar bhonn anailís riosca ar chriosanna riosca éagsúla agus ar inrochtaineacht, agus ba cheart láithreáin phríomhúla agus mhalartacha a bheith i gcriosanna riosca éagsúla agus ba cheart rochtain a bheith orthu trí bhealaí iompair éagsúla. Mar shampla, i limistéir inar baol go dtarlóidh creathanna talún, ba cheart láithreáin a bheith ar phlátaí teicteonacha éagsúla; i limistéir inar baol go dtarlóidh tuilte, ba cheart iad a bheith ar airdí atá an-éagsúil le chéile nó in abhantracha éagsúla.

— *Athlonnú chuig áitreabh malartach atá á bhainistiú ag údarás an phointe teagmhála náisiúnta*. Smaoinigh ar dhá shuíomh mhalartacha ar a laghad a bhunú. Ba cheart suíomh amháin acu a bheith gar don phríomháitreabh chun athlonnú tapa agus atosú tapa na bhfeidhmeanna fíor-riachtanacha a éascú. Ba cheart an suíomh eile a bheith fada go leor ar shiúl chun a áirithiú nach mbeidh tionchar comhuaineach ag mórtheagmhais shuaiteacha, amhail tuilte nó stoirmeacha sneachta, ar an dá láithreán. Áirithigh slándáil faisnéise agus cumarsáide agus comhoiriúnacht trealaimh agus córas TFC fíor-riachtanach – amhail CECIS nó an trealamh is gá le haghaidh cumarsáid rúnaicmithe – sa phríomháitreabh agus in áitribh mhalartacha araon.

— *Iompar réamhshocraithe le haghaidh na foirne fíor-riachtanaí chuig áitribh mhalartacha (lena n-áirítear iompar i ndrochaimsir)*. Chun foireann leordhóthanach a áirithiú, bunaigh socruithe chun an fhoireann fhíor-riachtanach a iompar i gcás ina ngníomhachtófar an plean leanúnachais oibríochtúil lena mbaineann úsáid áitreabh malartach nó aonad soghluaiste cianda. Smaoinigh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar bhealaí iompair amhail brú tráchta agus bac mar gheall ar dhrochaimsir, cliseadh bonneagair, corraíl shibhialta, nó cúiseanna eile.

— *Cianobair (lena mbaineann solúbthacht tascanna a d'fhéadfaí a dhéanamh lasmuigh de shuíomh fisiceach an phointe teagmhála náisiúnta)*. Sainaithin cé na feidhmeanna nó na céimeanna fíor-riachtanacha atá mar chuid de na feidhmeanna fíor-riachtanacha is féidir a dhéanamh go cianda. D'fhéadfadh sé sin a bheith indéanta toisc nach mbraitheann na feidhmeanna/céimeanna sin ar threalamh ná ar chórais nach mbaineann ach leis an bpríomháitreabh fisiceach amháin. Smaoinigh ar phlean nó córas teagmhasach a bhunú chun freagrachtaí na foirne a athstruchtúrú, rud a chuirfeadh ar a gcumas do roinnt pearsanra oibriú ón mbaile agus daoine eile a athlonnú chuig an áitreabh malartach.

— *Aonaid cheannais agus rialaithe shoghluaiste ina bhféadfaí an fhoireann fhíor-riachtanach a óstáil go sealadach ón bPointe Teagmhála Náisiúnta*. Leis na haonaid sin ba cheart tacú le feidhmiú na bhfeidhmeanna fíor-riachtanacha ó thimpeallacht shoghluaiste, lena n-áirítear rochtain ar chórais faisnéise oibríochtúla agus CECIS. Ba cheart a dtrealamh riachtanach agus a leibhéal neamhthuilleamaíochta a shainiú chun ullmhacht oibríochtúil a áirithiú. Ba cheart iad a dhearadh chun oibríochtaí a choinneáil ar bun mar chúltaca sealadach chun tacú leis an bpríomháitreabh ar feadh tréimhse réamhshainithe.

— *Socruithe riaracháin le húdaráis eile a ghníomhachtú chun a n-áitreabh a úsáid*. Bunaigh comhaontuithe le húdaráis náisiúnta nó le húdaráis fhonáisiúnta eile chun úsáid chomhroinnte shealadach a bhaint as a n-áitreabh. Déan measúnú ar an leagan amach, ar na córais, ar an trealamh agus ar na bearta slándála is gá chun na feidhmeanna fíor-riachtanacha a dhéanamh go héifeachtach. Áirithigh go gcuimseofar druileanna agus tástáil thráthrialta sna comhaontuithe sin chun ullmhacht agus oiriúnacht na saoráidí malartacha sin a bhailíochtú.

— *Dílárú:* Áirithigh go bhfuil socruithe i bhfeidhm agus bunaigh córas chun feidhmeanna a tharmligean chuig údaráis náisiúnta eile.

— Briseadh sa soláthar leictreachais:

— *Gineadóirí agus UPS a ghníomhachtú*. Soláthair gineadóirí agus córais UPS a bhfuil méid leordhóthanach iontu chun leanúnachas fheidhmeanna fíor-riachtanacha an phointe teagmhála náisiúnta a áirithiú ar feadh íostréimhse shainithe. Ba cheart a n-acmhainneacht a bheith leordhóthanach chun tacú le ceanglais oibríochtúla le linn gearradh cumhachta fada. Ba cheart gineadóirí agus córais UPS a thástáil go tráthrialta chun ullmhacht oibríochtúil a áirithiú.

— *Socruithe maidir le soláthar breosla tosaíochta agus comhaontuithe le soláthraithe*. Le socruithe maidir le soláthar breosla, ba cheart oibríochtaí marthanacha a áirithiú agus ba cheart iad a bheith bunaithe ar thoilleadh stórála breosla ar an láthair agus ar an ídiú breosla a bhfuil coinne leis. D'fhéadfaí a chuimsiú i mbearta breise infhaighteacht coimeádán breosla soghluaiste ina bhfuil córais chaidéalaithe agus/nó comhaontuithe soláthair tosaíochta le soláthraithe breosla in aice láimhe.

— *Neamhspleáchas fuinnimh agus foinsí malartacha fuinnimh le haghaidh feidhmeanna fíor-riachtanacha*. Ba cheart don phointe teagmhála náisiúnta, i gcás inar féidir, a bheith in ann oibriú go neamhspleách ar an eangach chumhachta náisiúnta. Má theipeann ar an eangach ar feadh roinnt laethanta, faoi mar is féidir le linn tubaistí móra, d'fhéadfaí an leanúnachas a choinneáil ar bun trí fhoinsí cumhachta éagsúlaithe agus trí mhicreangach neamhthuilleamaíoch: mar shampla, micreangach ghaoithe nó ghréine. Smaoinigh ar fhoinsí fuinnimh malartacha a shuiteáil, amhail painéil ghréine a bhfuil stóráil ceallraí acu, agus a bhfuil méid leordhóthanach iontu chun feidhmeanna fíor-riachtanacha an Phointe Teagmhála Náisiúnta a sholáthar.

— *An toilleadh cumhachta atá ar fáil a uasmhéadú*. Bunaigh prótacail inmheánacha chun an toilleadh cumhachta atá ar fáil a uasmhéadú trí shrian a chur le húsáid trealaimh neamhriachtanaigh agus trí lóid, nach bhfuil gá leo chun tacú le feidhmeanna fíor-riachtanacha, a dhícheangal de réir a chéile, agus ar an gcaoi sin neamhspleáchas cumhachta cúltaca a leathnú gan infheistíocht bhreise.

— *Athlonnú chuig áitribh mhalartacha arna mbainistiú ag údarás an phointe teagmhála náisiúnta a bhfuil soláthar leictreachais acu* (leagtar amach na moltaí ábhartha faoi 'Neamh-infhaighteacht áitribh')

— *Cianobair ó fhoirgneamh a bhfuil soláthar leictreachais ráthaithe ann* (leagtar amach na moltaí ábhartha faoi 'Neamh-infhaighteacht áitribh')

— *Aonaid cheannais agus rialaithe shoghluaiste atá neamhthuilleamaíoch i dtéarmaí leictreachais* (leagtar amach na moltaí ábhartha faoi 'Neamh-infhaighteacht áitribh')

— *Socruithe riaracháin le húdaráis eile a ghníomhachtú chun a n-áitreabh a úsáid, arb áitreabh é a bhfuil soláthar leictreachais ráthaithe ann* (leagtar amach na moltaí ábhartha faoi 'Neamh-infhaighteacht áitribh')

— *Dílárú* (leagtar amach na moltaí ábhartha faoi 'Neamh-infhaighteacht áitribh')

— Briseadh nó cliseadh córas TFC:

— *Iomarcaíocht*. Áirithítear le hiomarcaíocht nach gcuireann cliseadh comhpháirte amháin isteach ar an bhfeidhm a choinníonn sí ar bun. Ba cheart don phointe teagmhála náisiúnta iomarcaíocht a chur chun feidhme ar leibhéil chomhlántacha: (i) trealamh (comhpháirteanna fíor-riachtanacha a dhúbláil), (ii) nascacht (soláthraithe iomadúla agus conairí rochtana éagsúla, agus (iii) feidhmchláir agus sonraí (bunachair sonraí agus doiciméid fhíor-riachtanacha a mhacasamhlú chuig láithreán tánaisteach). Ba cheart acmhainneacht leordhóthanach a bheith ag socruithe iomarcaíochta chun oibríochtaí a choinneáil ar bun má theipeann ar an bpríomhthimpeallacht TFC, agus ba cheart iad a thástáil go tréimhsiúil chun ullmhacht agus teipaistriú gan uaim a áirithiú i gcás suaitheadh. Ní mór dóibh spleáchais chomhroinnte leis an bpríomhchóras a sheachaint, amhail an fhoinse chumhachta chéanna, an soláthraí céanna nó an bonneagar fisiceach céanna, ar nithe iad a bhféadfadh sé go dteipfeadh orthu an tráth céanna.

— Tá línte snáithín an-leochaileach i leith díláithriú talún, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le maolú nó caillteanas comharthaí agus le bristeacha seirbhíse. Chun an riosca sin a mhaolú, moltar teipaistriú satailítbhunaithe mar ghnáthbheart iomarcaíochta, rud a fhágann go mbeidh an líonra cúltaca in ann a bheith chomh feasach céanna ar an staid agus atá an príomhlíonra. Ba cheart scáthánú sonraí geografacha a bheith gníomhach-gníomhach, agus ba cheart timpeallachtaí príomhúla agus cúltaca a choimeád sioncronaithe ionas gur féidir leo araon seilbh a ghlacadh orthu gan uaim. Leis an gcur chuige iomarcaíochta agus scáthánúcháin sin tacaítear le hard-infhaighteacht agus ardfheidhmíocht i líonraí snáthoptaice.

— *Cúltacaí sonraí tráthrialta agus slána, lena n-áirítear cóipeanna lasmuigh den láthair agus cóipeanna as líne*. Bunaigh agus coinnigh ar bun beartas cúltaca struchtúrtha le haghaidh na sonraí agus na gcumraíochtaí uile atá fíor-riachtanach le haghaidh oibríochtaí an phointe teagmhála náisiúnta. Ba cheart a shainiú leis sin na nithe a bhfuil cóipeanna cúltaca ann díobh, cé chomh minic a stóráiltear na cúltacaí (lena n-áirítear cóipeanna lasmuigh den láthair nó cóipeanna as líne) agus cé atá freagrach as iad a bhainistiú. Ba cheart cúltacaí a chriptiú agus a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe.

— *Córais TFC mhalartacha agus bealaí cumarsáide malartacha*. Bunaigh uirlisí agus bealaí malartacha is féidir a úsáid má theipeann ar phríomhchórais nó ar phríomhlíonraí TFC. D'fhéadfaí a chuimsiú leo sin cumarsáid satailíte, aonaid raidió shoghluaiste ardmhinicíochta (HF), an-ardmhinicíocht (VHF) nó minicíochta ultra-ard (UHF), línte teileafóin analógacha, feidhmchláir teachtaireachtaí slána nó ardáin ghréasánbhunaithe a óstáiltear lasmuigh den phríomhbhonneagar. Ba cheart don fhoireann a bheith ar an eolas faoi cathain agus conas aistriú chuig na roghanna malartacha sin.

— *Foirne tacaíochta TFC éigeandála / aonaid freagartha teicniúla ar glao-dhualgas*. Socraigh rochtain thapa ar thacaíocht TFC, bíodh sí á soláthar go hinmheánach (laistigh den eagraíocht) nó ag soláthraí seachtrach, trí shocruithe soiléire infhaighteachta agus freagartha a shainiú ionas gur féidir cúnamh teicniúil a shlógadh go tapa nuair is gá chun athshlánú pras na gcóras TFC a áirithiú.

— *Nósanna imeachta um fhreagairt ar chibeartheagmhais arna gcomhordú leis an údarás náisiúnta cibearshlándála*. Bunaigh prótacail chomhordúcháin leis an údarás náisiúnta cibearshlándála, lena n-áirítear bealaí luathrabhaidh, nósanna imeachta comhpháirteacha um fhreagairt ar theagmhais, agus róil agus freagrachtaí atá sainithe go soiléir le linn cibirtheagmhas a dhéanann difear don phointe teagmhála náisiúnta.

— *Cóipeanna as líne de liostaí teagmhála fíor-riachtanacha, de phríomhnósanna imeachta agus de dhoiciméid oibríochtúla*. Ba cheart faisnéis amhail liostaí teagmhálaithe, nósanna imeachta um theagmhais agus príomhtheimpléid a bheith ar fáil i bhformáidí is féidir a úsáid gan rochtain ar na príomhchórais TFC.

— *Aonaid cheannais agus rialaithe shoghluaiste a bhfuil rochtain acu ar chórais TFC phríomhúla agus chúltaca* (leagtar amach na moltaí ábhartha faoi 'Neamh-infhaighteacht áitribh')

— *Athlonnú chuig áitreabh malartach arna bhainistiú ag údarás an phointe teagmhála náisiúnta ag a bhfuil rochtain ar chórais TFC phríomhúla agus chúltaca* (leagtar amach na moltaí ábhartha faoi 'Neamh-infhaighteacht áitribh')

— *Socruithe riaracháin le húdaráis eile a ghníomhachtú chun úsáid a bhaint as a n-áitreabh ina bhfuil rochtain ar chórais TFC* (leagtar amach na moltaí ábhartha faoi 'Neamh-infhaighteacht áitribh')

— Neamhláithreacht foirne ar mórscála agus easpa foireann fhíor-riachtanach atá gann:

— *Bainistiú ragoibre (réiteach gearrthéarmach)*. Bunaigh prótacal ragoibre lena saineofar an méid seo a leanas: truicir shoiléire maidir le cathain is féidir ragobair a úsáid; cé atá in ann í a údarú; teorainneacha sainithe (uasfhad seala, uaslíon uaireanta oibre sa tseachtain, agus uaslíon laethanta as a chéile); tréimhsí sosa íosta idir sealanna agus tar éis an t-uaslíon uaireanta oibre sa tseachtain nó an t-uaslíon laethanta as a chéile a shroicheadh; córas uainíochta cothrom ionas nach n-iarrfar arís agus arís eile ar an bhfoireann chéanna; córas chun taifid a choimeád d'uaireanta ragoibre; luach saothair breise réamhbhunaithe; agus tacaíocht phraiticiúil le linn uaireanta fada (e.g. béilí, limistéir scíthe, agus iompar abhaile nuair is gá).

— *Feidhmeanna fíor-riachtanacha a athshannadh don fhoireann atá ar fáil*. Ullmhaigh socruithe teagmhasacha ina sonrófar conas a athdháilfear feidhmeanna fíor-riachtanacha in éagmais príomhbhaill foirne. Cuimsítear leis sin pearsanra ionaid a shainaithint do gach ról fíor-riachtanach agus nósanna imeachta a shimpliú i gcás inar féidir.

— *Díorma réamh-shainaitheanta de phearsanra oilte laistigh den institiúid, a bheadh ar fáil ar ghearrfhógra*. Bunaigh córas chun foireann chúltaca a shlógadh ó dhíorma réamh-shainaitheanta, agus rialacha soiléire a shainiú lena leagtar síos cé atá in ann an fhoireann chúltaca a shlógadh agus conas sin a dhéanamh, lena n-áirítear critéir ghníomhachtúcháin, bealaí cumarsáide lena slógadh, riachtanais phearsanra (amhail imréiteach slándála, oiliúint nó saineolas) agus conas a láimhseáiltear am saor nó ragobair, ar córas é ar a ndéanfar athbhreithnithe tráthrialta chun a áirithiú go n-oibríonn sé go maith. Áirithigh go bhfuil eolas maith ag an bpearsanra sa díorma ar na rialacha sin.

— Is féidir an díorma sin a chur i dtoll a chéile trí na nithe seo a leanas: (i) foireann ó aonaid eile a chur faoi thrasoiliúint - cláir thrasoiliúna a chur chun feidhme ionas gur féidir le baill foirne iomadúla na feidhmeanna fíor-riachtanacha céanna a dhéanamh, agus béim ar róil a shainaithnítear mar scrogaill; agus (ii) 'díorma díomhaoin' d'iarfhoireann fhíor-riachtanach an phointe teagmhála náisiúnta - rothlaigh an fhoireann ó dhualgais an phointe teagmhála náisiúnta isteach go ranna eile tar éis tréimhse shocraithe chun díorma díomhaoin de phearsanra cúltaca a chruthú. Tríd an díorma díomhaoin sin a choinneáil ar bun, cuirtear acmhainneacht borrtha foirne ar fáil agus cumasaítear gníomhachtú tapa, rud a sheachnaíonn na míonna d'oiliúint agus de ghrinnfhiosrúchán slándála is gá de ghnáth le haghaidh róil íogaire den sórt sin. I ngach cás, ba cheart socruithe a chur ar bhonn foirmiúil chun a áirithiú go bhfanfaidh baill foirne an díorma cothrom le dáta trí uas-sciliú tréimhsiúil agus chun a áirithiú gur féidir iad a shlógadh go tapa i ngéarchéim mhór.

— *Tosaíocht a thabhairt d'earcú foirne*. Tá gá le leibhéil chobhsaí foirne chun pointí teagmhála náisiúnta a oibriú ar bhonn leanúnach 24/7. Féadfaidh an pointe teagmhála náisiúnta smaoineamh ar thosaíocht a thabhairt d'earcaíocht na ról lena dtacaítear le feidhmeanna fíor-riachtanacha agus ar ghanntanais intuartha foirne a thuar (e.g. scor comhuaineach nó dul in éag conarthaí ar théarma seasta), chun dul i mbun earcaíochta luath go leor roimh ré. Féadfar a chuimsiú sna bearta próisis earcaíochta bhrostaithe a fhorbairt; ina theannta sin, is féidir le hoiliúint leanúnach na foirne atá ann cheana tacú a thuilleadh le cobhsaíocht foirne, trí shoghluaisteacht inmheánach, forbairt scileanna agus comharbas a chumasú ó fheidhm fhíor-riachtanach go chéile.

— *Infheistíocht a dhéanamh i gcoinneáil na foirne fíor-riachtanaí*. Chun pearsanra atá ag obair i bpointí teagmhála náisiúnta a choinneáil, ba cheart tacú le spreagadh na foirne trí mheascán de shochair agus de dhreasachtaí. Féadfar a chuimsiú le dreasachtaí neamhairgeadaíochta saoire fhadaithe tar éis tréimhse sheirbhíse áirithe, socruithe uainchláir solúbtha faoi réir íoscheanglais maidir le cumhdach seirbhíse, limistéir scíthe ar an láthair, bearta tacaíochta teaghlaigh (e.g. rochtain ar chúram leanaí), agus rochtain ar sheirbhísí lascainithe nó ar sheirbhísí saor in aisce amhail iompar poiblí, cúram sláinte, agus saoráidí cultúrtha nó spóirt.

— *Tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh na foirne fíor-riachtanaí*. D'fhéadfadh infhaighteacht na foirne fíor-riachtanaí a bheith ag brath ar a dteaghlaigh, go háirithe má tá siad i mbaol nó má fhágtar gan chúnamh iad. Smaoinigh ar shocruithe a chur i bhfeidhm, i gcás inarb ábhartha, chun teaghlaigh phearsanra fíor-riachtanach na bpointí teagmhála náisiúnta a chosaint, agus tosaíocht á tabhairt dá sábháilteacht ionas gur féidir leis an bhfoireann leanúint de bheith oibríochtúil.

— *Scrogaill foirne a chosc trí údarás a tharmligean agus trí fhreagracht chomhroinnte a chur chun cinn*. Áirithigh go bhfuil na freagrachtaí agus na cúraimí soiléir. Bunaigh prótacail chun údarás a tharmligean. Sainaithin na comharbaí lena bpoist ar leith, ar comharbaí iad a ghníomhódh i gcás nach mbeadh fáil ar na cinnteoirí atá freagrach as feidhmeanna fíor-riachtanacha. Sonraigh na himthosca agus an seicheamh faoina nglacfaidís na róil sin. I gcás ina gceadaítear le cinneadh agus le freagrachtaí, áirithigh fothú acmhainneachta agus oiliúint thráthrialta chun údarás a ghlacadh ar láimh i gcás suaitheadh. Smaoinigh an bhfuil sé indéanta agus cuidiúil chun scrogaill a sheachaint freagrachtaí a dháileadh nó a chomhroinnt idir roinnt baill foirne a bhfuil córas uainíochta acu. Smaoinigh ar lámhleabhar nuashonraithe a choinneáil le haghaidh foireann nua, ar lámhleabhar é atá deartha chun go mbeidh comhghleacaithe nach bhfuil an oiread céanna taithí acu in ann raon leathan cúraimí a bhainistiú go neamhspleách agus comhlíonadh na gcaighdeán agus na bprótacal bunaithe á áirithiú san am céanna.


IARSCRÍBHINN V


Uirlisí tagartha oibríochtúla

Soláthraítear leis an Iarscríbhinn seo uirlis tagartha oibríochtúil ar cheart do phointí teagmhála náisiúnta smaoineamh ar úsáid a bhaint aisti agus a bplean leanúnachais oibríochtúil á fhorbairt nó á athbhreithniú acu.

Sreabhadh gníomhachtúcháin léiriúcháin

Is sampla é an sreabhadh thíos den chaoi ar féidir gníomhachtú plean leanúnachais oibríochtúil a eagrú, ón nóiméad a bhraitear suaitheadh féideartha go dtí go dtéann an pointe teagmhála náisiúnta isteach i gcéim leanúnachais chobhsaí. Is ar phointí cinnteoireachta, agus ní ar thréimhsí ama forordaithe, a bhunaítear é.




3. Gníomhachtú
• Tabhair fógra don fhoireann de réir an nós imeachta foláirimh
• Tabhair fógra don lucht ceannais agus do chomhpháirtithe institiúideacha ábhartha
• Gníomhachtaigh na hacmhainní cúltaca sainaitheanta (áitreabh, TFC, foireann, cainéil chumarsáide)
4. Cobhsú feidhmeanna fíor-riachtanacha
Deimhnigh go bhfuil na feidhmeanna is fíor-riachtanaí oibríochtúil, fiú ag acmhainneacht laghdaithe
5. Céim an leanúnachais
• Déan feidhmeanna fíor-riachtanacha ón bpríomháitreabh nó ó shuíomhanna malartacha
• Coinnigh cumarsáid ar bun le páirtithe leasmhara (an lucht ceannais, comhpháirtithe)
• Bainistigh rothlú foirne agus acmhainneacht borrtha
• Doiciméadaigh cinntí agus mórtheagmhais
←
• Lean d'oibríochtaí leanúnachais agus déan athmheasúnú orthu go tráthrialta
6. Cinneadh maidir leis an aistriú go céim an athshlánaithe
Ar comhlíonadh na coinníollacha chun filleadh ar ghnáthoibríochtaí?
→
NÍOR COMHLÍONADH
↓ COMHLÍONADH
• Lean ar aghaidh go céim an athshlánaithe
7. Athshlánú
• Filleadh forchéimnitheach ar ghnáthshocruithe
• Faisnéisiú
• Sainaithint ceachtanna
• Tabhair an plean leanúnachais oibríochtúil cothrom le dáta

IARSCRÍBHINN VI

Príomhphointí nach mór aghaidh a thabhairt orthu agus straitéis chumarsáide á dréachtú [1]

— Sainaithin na grúpaí spriocdhírithe éagsúla, faoi fhreagracht chumarsáide na heagraíochta, a bhféadfadh tionchar a bheith ag suaitheadh oibríochtaí an Phointe Teagmhála Náisiúnta orthu nó na grúpaí spriocdhírithe ba ghá a chur ar an eolas i gcás ina mbainfeadh teagmhas suaiteach don eagraíocht, lena n-áirítear:

  (a) na leibhéil is airde den eagraíocht, lena n-áirítear an leibhéal cinnteoireachta;

  (b) foireann na heagraíochta;

  (c) na páirtithe leasmhara a sholáthraíonn ionchur le haghaidh fheidhmeanna fíor-riachtanacha na heagraíochta;

  (d) na páirtithe leasmhara a fhaigheann aschur fheidhmeanna fíor-riachtanacha na heagraíochta;

  (e) na meáin;

  (f) an pobal i gcoitinne.

— I gcás gach grúpa spriocdhírithe, sainigh cuspóir na cumarsáide i gcás teagmhas suaiteach. D'fhéadfadh cineál, formáid agus ábhar éagsúil faisnéise a bheith ag teastáil ó gach grúpa. D'fhéadfadh na bealaí cumarsáide a mbaintear úsáid astu a bheith éagsúil freisin.

— Dréachtaigh teachtaireachtaí réamhbhunaithe atá soiléir, gonta agus comhsheasmhach, le himeacht ama, ag na faighteoirí agus ó chainéal go chéile. Áirithigh go bhfuil siad curtha in oiriúint don ghrúpa spriocdhírithe ar a bhfuil siad dírithe, agus aghaidh á tabhairt ar a riachtanais shonracha faisnéise.

— Sainaithin bealaí cumarsáide malartacha do gach grúpa spriocdhírithe chun cumarsáid éifeachtach a áirithiú má bhíonn tionchar ag an gcur isteach ar na bealaí caighdeánacha.

— Smaoinigh ar fhaisnéis réamhghníomhach mar chur chuige níos fearr i leith faisnéis fhrithghníomhach.

— I gcás ina gcuimsítear sa straitéis chumarsáide an fhéidearthacht teachtaireachtaí a scaipeadh tríd an teilifís phoiblí agus tríd an raidió poiblí, comhordaigh uainiú na dteachtaireachtaí sin le craoltaí nuachta chun comhtháthú éifeachtach agus dáileadh leathan i measc an phobail a áirithiú.

— Laistigh den straitéis chumarsáide, smaoinigh ar ról an bhainisteora faisnéise a réamhshannadh do phost áirithe, agus a chúraimí a shonrú roimh theagmhas suaiteach, lena linn agus ina dhiaidh.

[1] Ní chuirtear bainistiú na mífhaisnéise nó na bréagaisnéise san áireamh sna míreanna seo a mholtar chun straitéis chumarsáide a dhréachtú.

IARSCRÍBHINN VII

Cásanna samplacha

Cás samplach 1

An fhadhb: *gearradh cumhachta agus caillteanas sonraí ina dhiaidh sin*.

An áit: *déanann an gearradh cumhachta difear don limistéar ina bhfuil príomháitreabh an phointe teagmhála náisiúnta suite*.

An fad: *24 uair an chloig*.

Tuairisc: *rinne oibreacha deisiúcháin i gcóngar áitreabh an phointe teagmhála náisiúnta damáiste don chóras dáileacháin leictreachais. Rinne caillteanas tobann cumhachta damáiste do chórais ríomhaireachta an Phointe Teagmhála Náisiúnta, rud a bhí ina chúis le caillteanas sonraí. Meastar go mairfidh oibreacha athchóirithe cumhachta 24 uair an chloig. Maireann an teip TFC ar feadh 24 uair an chloig*.

Cás samplach 2

An fhadhb: *neamh-inrochtaineacht áitribh mar gheall ar shneachta fadmharthanach*.

An áit: *déantar difear don limistéar iomlán ina bhfuil an t-áitreabh suite*.

An fad: *níos mó ná seachtain*.

Tuairisc: *Bhuail stoirm mhór shneachta an limistéar ina bhfuil áitribh an phointe teagmhála náisiúnta suite, rud a fhágann nach bhfuil rochtain orthu ar bóthar ná ar iompar poiblí. Tá an sneachta chomh tréan sin nach leor céachtaí sneachta chun gach príomhbhóthar a ghlanadh le linn na chéad 24 uair an chloig, agus tosaíocht á tabhairt do rochtain ar ospidéil. Iarradh ar an bpobal gan dul ar na sráideanna. Ar feadh 48 n-uair an chloig ar a laghad, ní féidir rochtain a fháil ar shaoráidí an phointe teagmhála náisiúnta le hiompar poiblí ná le feithicil phríobháideach. Leanann an tonn fuar ar aghaidh sa limistéar ar feadh níos mó ná seachtain agus maireann an sneachta ar bhóithre is lú ar feadh 1 seachtain amháin. Mar thoradh air sin, ní féidir le haon trian den fhoireann atá sceidealaithe le bheith ag obair na laethanta ina dhiaidh sin dul chomh fada leis an obair ar feadh 1 seachtain toisc go bhfuil a n-áit chónaithe iargúlta agus gurb iad na bóithre beaga na bóithre deireanacha atá le glanadh.*

Ina theannta sin, an fhoireann fhíor-riachtanach atá ar dualgas lá an tsneachta, tá siad sáinnithe san áitreabh ar feadh na chéad 48 n-uair an chloig. Tá thart ar aon trian díobh tar éis an t-uaslíon uaireanta a cheadaítear dóibh a oibriú an tseachtain sin a bhaint amach cheana féin, agus bainfidh aon trian eile an teorainn sin amach laistigh de 24 uair an chloig. Dá bhrí sin, tá siad i dteideal sos leordhóthanach de réir an dlí. Teastaíonn tacaíocht uathu freisin do bhunriachtanais (bia, sláinteachas pearsanta), agus, i gcásanna áirithe, bearta chun tacú lena dteaghlaigh, agus/nó aslonnú.

IARSCRÍBHINN VIII

An creat meastóireachta atá beartaithe don tástáil struis

Ba cheart toradh na tástála struis a mheasúnú de réir dhá ghné ar leithligh ach ar gnéithe iad atá comhlántach san am céanna:

— *Comhlíonadh an phlean leanúnachais oibríochtúil*. Leis an ngné sin, ba cheart measúnú a dhéanamh ar a mhéid a chuir an pointe teagmhála náisiúnta na socruithe leanúnachais oibríochtúil is infheidhme chun feidhme le linn na tástála struis, lena n-áirítear struchtúir chinnteoireachta maidir le gníomhachtú, géarú agus athshlánú, comhordú agus cumarsáid inmheánach agus sheachtrach, socruithe athlonnaithe agus úsáid acmhainní cúltaca.

— *Feidhmeanna fíor-riachtanacha a choinneáil ar bun agus cuspóirí feidhmíochta oibríochtúla intomhaiste réamhshainithe a chomhlíonadh*. Leis an ngné sin, ba cheart measúnú a dhéanamh ar cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh feidhmeanna fíor-riachtanacha an phointe teagmhála náisiúnta a choinneáil ar bun nó a atosú laistigh de theorainneacha réamhshainithe inghlactha, ar cé acu a bhí nó nach raibh éifeachtaí diúltacha ann ar fheidhmeanna neamhriachtanacha eile de chuid an phointe teagmhála náisiúnta, agus ar cé acu a baineadh nó nár baineadh amach na cuspóirí feidhmíochta intomhaiste réamhshainithe leis an tástáil struis. Soláthraítear samplaí de chuspóirí feidhmíochta oibríochtúla in Iarscríbhinn II.

Ba cheart measúnú ar leithligh a dhéanamh ar an dá ghné chun na feabhsuithe atá ag teastáil a shainaithint ar bhealach níos beaichte. Cuidíonn an t-idirdhealú sin lena áirithiú go ndéantar comhlíonadh an phlean leanúnachais oibríochtúil a mheasúnú ar leithligh ó éifeachtacht an toraidh oibríochtúil. Ba cheart an toradh a chur i láthair sa tuarascáil mheastóireachta mar dhá scór chomhlántacha: scór amháin lena léirítear comhlíonadh an phlean leanúnachais oibríochtúil, agus an scór eile lena léirítear coinneáil ar bun feidhmeanna fíor-riachtanacha agus comhlíonadh cuspóirí feidhmíochta oibríochtúla intomhaiste réamhshainithe.

Greille mheastóireachta chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an phlean leanúnachais oibríochtúil.

Rátáil (0-3)	Tuairisc
0: Neamhchomhlíonadh.	*Níor léirigh an cleachtadh mórán ailínithe nó aon ailíniú leis na socruithe leanúnachais oibríochtúil. Ní raibh croí-nósanna imeachta ann, rinneadh iad a fhorghníomhú go mícheart, nó tugadh neamhaird orthu.*
1: Comhlíonadh páirteach.	*Cuireadh roinnt pointí de na socruithe leanúnachais i bhfeidhm, ach níor leanadh pointí tábhachtacha eile i gceart, cuireadh i bhfeidhm ródhéanach iad, nó léiríodh nach raibh siad leormhaith sa chleachtas. Léiríodh sa tástáil laigí substaintiúla agus deiseanna tábhachtacha chun feabhas a chur ar an bplean.*
2: Comhlíonadh foriomlán, gan ach miondialltaí ann.	*Cuireadh an tástáil struis chun feidhme den chuid is mó i gcomhréir leis an bplean leanúnachais oibríochtúil. Ba theoranta na dialltaí ón bplean. Léiríodh sa tástáil go raibh roinnt laigí sa phlean agus go raibh deiseanna ann chun feabhas a chur air.*
3: Comhlíonadh iomlán.	*Leanadh an plean leanúnachais oibríochtúil ina iomláine le linn na tástála struis.*

Greille mheastóireachta chun measúnú a dhéanamh ar choinneáil ar bun feidhmeanna fíor-riachtanacha agus ar chomhlíonadh cuspóirí feidhmíochta oibríochtúla intomhaiste réamhshainithe.

Rátáil (0-3)	Tuairisc
0: Níor baineadh amach iad.	*Cuireadh feidhmeanna fíor-riachtanacha an phointe teagmhála náisiúnta ar fionraí nó cuireadh moill os cionn teorainneacha réamhshainithe inghlactha orthu. Rinneadh difear mór agus diúltach d'fheidhmeanna neamhriachtanacha eile de chuid an Phointe Teagmhála Náisiúnta. Níor baineadh amach na cuspóirí feidhmíochta intomhaiste réamhshainithe.*
1: Baineadh amach iad ach bhí dúshláin mhóra ann.	*Níor athbhunaíodh feidhm fhíor-riachtanach amháin nó níos mó ach amháin tar éis moill shubstaintiúil a bheith ann a sháraigh na teorainneacha inghlactha. D'fhéadfadh sé gurbh í an tástáil struis ba chúis le suaitheadh ábhartha nó go ndearna sí difear diúltach d'fheidhmeanna eile de chuid an phointe teagmhála náisiúnta. Níor baineadh amach na cuspóirí feidhmíochta intomhaiste réamhshainithe ach i bpáirt nó bhí dúshláin mhóra ag baint lena mbaint amach.*

Rátáil (0-3)	Tuairisc
2: Baineadh amach iad, ach bhí miondialltaí ann.	*Rinneadh feidhmeanna fíor-riachtanacha a choinneáil ar bun nó a athbhunú laistigh de chorrlaigh lamháltais inghlactha (agus teorainneacha inghlactha réamhshainithe sáraithe faoi thréimhse theoranta ama) gan tionchar mór a bheith acu ar fheidhmeanna eile an phointe teagmhála náisiúnta. Baineadh amach na cuspóirí feidhmíochta intomhaiste réamhshainithe den chuid is mó, agus níor breathnaíodh ach miondialltaí ó na teorainneacha bunaithe.*
3: Baineadh amach ina n-iomláine iad.	*Coinníodh ar bun nó athbhunaíodh na feidhmeanna fíor-riachtanacha a chumhdaítear leis an tástáil struis gan moilleanna a sháraigh na teorainneacha inghlactha réamhshainithe agus gan tionchar diúltach ar fheidhmeanna eile an phointe teagmhála náisiúnta. Baineadh amach na cuspóirí feidhmíochta intomhaiste réamhshainithe ina n-iomláine.*

IARSCRÍBHINN IX

Meastóireacht ar an Tástáil Struis, sainaithint ceachtanna agus feabhsuithe atá beartaithe ([1])

Sa phróiseas meastóireachta, moltar straitéisí a shainaithint lena gcuirfear feabhas ar na réimsí nár tugadh aghaidh orthu go leormhaith le linn chleachtadh na tástála struis. Ina theannta sin, ba cheart do phointí teagmhála náisiúnta smaoineamh ar mhíreanna rathúla a ionchorprú, ar míreanna iad a tháinig chun cinn le linn an chleachtaidh ach nach gcuimsítear sa phlean leanúnachais oibríochtúil reatha.

Is é is aidhm don tábla seo a leanas éascaíocht a dhéanamh do thiomsú agus ailíniú na meastóireachta, do shainaithint na gceachtanna agus do na feabhsuithe atá beartaithe tar éis tástáil struis a dhéanamh.

Comhlíonadh an phlean leanúnachais oibríochtúil.	*Rátáil (0-3):* … *Tuairisc...*
Feidhmeanna fíor-riachtanacha a choinneáil ar bun agus cuspóirí feidhmíochta oibríochtúla intomhaiste réamhshainithe a chomhlíonadh.	*Rátáil (0-3):* … *Tuairisc...*
Torthaí agus barúlacha	…
Bearnaí agus ceachtanna a sainaithníodh	…
Feabhsuithe molta	…
Gníomhaíochtaí is gá le haghaidh cur chun feidhme	…

([1]) Tá an tábla meastóireachta seo bunaithe ar an mBosca Uirlisí le haghaidh Leanúnachas Acmhainní a d'fhorbair Gníomhaireacht Cónaidhme um Bainistiú Éigeandálaí na Stát Aontaithe chun tacú le pobail agus le húdaráis/eagraíochtaí áitiúla cláir leanúnachais oibríochtúil a fhorbairt agus oiriúnaíodh don chleachtadh tástála struis é.

IARSCRÍBHINN X

Foirm aiseolais na rannpháirtithe

Moltar an ceistneoir seo a leanas mar theimpléad chun aiseolas a bhailiú ó rannpháirtithe na tástála struis. Ba cheart na ceisteanna a chur in oiriúint do raon feidhme sonrach agus fócas sonrach na tástála struis. Trí fhreagraí ar na ceisteanna sin nó ar cheisteanna comhchosúla a bhailiú ó rannpháirtithe sa tástáil struis, ó bhreathnóirí nó ó phearsanra a raibh baint acu le fíortheagmhais shuaiteacha, is féidir cuidiú le ceachtanna agus bearnaí a shainaithint, ar ceachtanna agus bearnaí iad is féidir a úsáid ansin chun plean leanúnachais oibríochtúil an Phointe Teagmhála Náisiúnta a thabhairt cothrom le dáta.

Gníomhachtú an phlean leanúnachais oibríochtúil:

— Ar cloíodh le prótacail bhunaithe?

— Mura cloíodh, cad iad na cúiseanna a bhí leis an diall, agus an earráid/fadhb nó coigeartú dearfach/optamach ba chúis leis sin?

— Cé chomh héifeachtúil agus a cuireadh na prótacail i gcrích?

— Cad iad na dúshláin a bhí ann?

— An raibh an chumarsáid soiléir éifeachtach le linn an ghníomhachtúcháin?

— Ar tugadh fógra don phearsanra fíor-riachtanach uile agus ar slógadh go tráthúil iad?

Atosú oibríochtúil, leanúnachas agus feidhmíocht na bhfeidhmeanna fíor-riachtanacha:

— Cén t-achar a thóg sé tús a chur arís leis na feidhmeanna fíor-riachtanacha a bhfuil tú freagrach astu?

— Ar cuireadh na feidhmeanna fíor-riachtanacha uile i gcrích go héifeachtúil agus laistigh de na tréimhsí ama a raibh coinne leo? Déan measúnú ar cháilíocht na n-aschur a fuarthas faoi dhálaí tástála.

— Ar tugadh faoi deara aon mhoill nó neamhéifeachtúlacht agus na feidhmeanna sin á gcomhlíonadh?

— Ar ghá tosaíocht a thabhairt d'aon fheidhm fhíor-riachtanach le linn an chleachtaidh?

— Conas a cinneadh na tosaíochtaí agus conas a cuireadh sin in iúl?

— An raibh na tosaíochtaí éifeachtach maidir le leanúnachas agus éifeachtacht a áirithiú?

Trealamh agus Córais TFC:

— An raibh an trealamh cúltaca riachtanach uile ar fáil agus ag feidhmiú go hiomlán?

— An ndearnadh córais chúltaca soláthair leictreachais a thástáil agus an raibh siad ag feidhmiú go hiomlán?

— An ndearnadh uirlisí agus cainéil chumarsáide chúltaca a thástáil agus an raibh siad ag feidhmiú go hiomlán?

— An raibh seirbhísí agus soláthairtí fíor-riachtanacha eile ar fáil, an ndearnadh tástáil orthu agus an raibh siad ag feidhmiú go hiomlán?

— Ar sainaithníodh aon mhoill nó neamhéifeachtúlacht arbh iad córais TFC ba chúis léi?

— Cé chomh héifeachtach agus a réitíodh saincheisteanna?

Saoráidí malartacha:

— An bhfuil an suíomh malartach leordhóthanach ó thaobh méide, leagan amach agus trealaimh de chun gur féidir leat a bheith ag obair ar feadh tréimhse fhada (roinnt laethanta)? Mura bhfuil, cén fáth agus cad a d'fhéadfaí a dhéanamh chun feabhas a chur air?

Cumarsáid agus comhordú:

— Ar cuireadh na rannpháirtithe uile, lena n-áirítear an lucht ceannais agus na foirne nó na comhghleacaithe ábhartha, ar an eolas go leormhaith?

— Ar coinníodh cumarsáid agus comhordú inmheánach ar bun go héifeachtach le linn an chleachtaidh, lena n-áirítear cumarsáid agus comhordú inmheánach leis an lucht ceannais?

— Ar coinníodh cumarsáid agus comhordú le LCPF ar bun go héifeachtach le linn an chleachtaidh?

— Más infheidhme, cé chomh héifeachtach agus a bhí an chumarsáid le LCPF ón suíomh cúltaca?

— Conas a rinneadh faisnéis a mhalartú agus a dhoiciméadú le linn an athlonnaithe nó an tsuaite?

Oiliúint agus folláine na foirne:

— An gceapann tú go raibh tú ullmhaithe go maith don chleachtadh a bhuí leis an oiliúint leanúnachais oibríochtúil a fuair tú roimh an gcleachtadh?

— Ar cuireadh ar an eolas go leormhaith thú faoin gcleachtadh nuair a thosaigh sé?

— An raibh soiléireacht ag baint leis na róil le linn an chleachtaidh?

— An raibh an cleachtadh úsáideach chun críoch oiliúna foirne?

— Ar cuireadh do riachtanais phearsanta agus teaghlaigh san áireamh, mar shampla an gá a bhí agat le hiompar, scíth, uisce nó bia?

Barúlacha ginearálta eile:

— Cad iad na gnéithe is rathúla den chleachtadh?

— Cad iad na príomhdhúshláin a bhí ann?

— Ar chomhlíon an cleachtadh a chuspóirí?

— Ar bhonn na taithí a fuarthas le linn an chleachtaidh, cad é do mheas ar chumas an Phointe Teagmhála Náisiúnta leanúint de bheith ag feidhmiú faoi dhálaí an chleachtaidh seo ar feadh 1 seachtain amháin?

— Sainaithin acmhainní nó tacaíocht bhreise fhéideartha a bhfuil gá leo le haghaidh teagmhas suaiteach comhchosúil a mhaireann níos faide ná an cleachtadh.

— Sainaithin feabhsuithe le haghaidh oiliúint agus cleachtaí amach anseo.